Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

## ARDLEIBHÉAL

*Agus an scéim mharcála á forbairt ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt ar aird:*

- *I gcuid mhaith cásanna ní thugtar ach eochairfhrásaí ina bhfuil eolas agus idéanna a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta*
- *Níl an cur síos, na modhanna agus na sainmhínithe uileghabhálach amach is amach agus tá freagraí bailí malartacha inghlactha*
- *Cinntítear an mionsonrú a theastaíonn i bhfreagra ar bith tríd an gcomhthéacs agus tríd an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus trí líon na marcanna a shanntar don fhreagra ar an bpáipéar scrúdaithe. D'fhéadfadh, mar sin, go n-athróidh riachtanais agus leithdháileadh marcanna ó bhliain go bliain.*
- *Ni mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart sa chomhthéacs agus caithfear nach ndéantar iad a bhréagnú, agus i gcás go bhfuil fianaise ann d'úsáid mhícheart nó bréagnú, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbronnfaí na marcanna.*

# Roinn A

**Freagair deich gceist ar bith as an roinn seo.**
**Tá 6 marc ag gabháil le gach ceist.**

**1.** Comhlánaigh é seo a leanas maidir le díleá próitéiní. **(6)**

| Orgán / Faireog | Tál | Einsím | Foshraith | Táirge |
|---|---|---|---|---|
| **Paincréas** | **Súlach Paincréasach** | **Tripsin** | **Próitéin/Peaptóin** | **Peaptóin/ Peiptídí/ Aimínaigéid** |

**2.** Ainmnigh **<u>trí</u>** airí de chuid an tsiúcra agus luaigh úsáid **<u>amháin</u>** a bhaintear as gach ceann díobh sa chócaireacht. **(6)**

| Airí | Úsáid sa chócaireacht |
|---|---|
| **Milseoir / blaistiú** | **Cácaí, milseoga, deochanna** |
| **Leasaitheach** | **Subh** |
| **Caramalú** | **Milseoga** |
| **Coipeadh** | **Déanamh aráin** |
| **Foirmiú glóthaí** | **Subh** |
| **Imoibriú Maillard** | **Donnú bia** |
| **Inbhéartú** | **Subh** |
| **Criostalú** | **Milseogra** |
| **Intuaslagthacht etc.** | **Síoróipí etc.** |
| **Cuidíonn le haerú** | **Spúinsí** |

**3.** Luaigh **<u>dhá</u>** fheidhm atá ag fóláit (aigéad fólach) sa réim bia. **(6)**

(i) **riachtanach do dhéanamh DNA agus RNA**

(ii) **cuidíonn le vitimín B12 fuilchealla dearga a fhoirmiú; riachtanach d'fhorbairt na hinchinne agus chorda an dromlaigh san fhéatas; coisceann fabhtanna néarfheadáin e.g. spina bifida; Tacaíonn le feidhmeanna an chórais imdhíonachta; d'fhéadfadh ról a bheith aici i gcosc CHD agus / ailsí áirithe etc.**

**4.** Liostaigh **<u>trí</u>** phríomhfheidhm a bhíonn ag fuinneamh sa chorp. **(6)**

(i) **meitibileacht bhunaidh.**
(ii) **fás**
(iii) **gníomhaíocht fhisiciúil; feidhmiú na n-orgán inmheánach; táirgeadh teasa le teocht an choirp a choinneáil.**

**5.** Luaigh an ról atá ag **gach ceann** díobh seo a leanas maidir le próiseáil cáise. **(6)**

(i) *baictéir aigéid lachtaigh*

**Saothrán tús gabhála / athraíonn lachtós ina aigéad lachtach – feidhmíonn mar leasaitheach**

(ii) *binid*

**Tá einsím ann a théachtann an phróitéin bhainne caiséinigin ina gruth**

**6.** Ainmnigh **dhá** chineál taosráin. **(6)**

(i) **crústa briosc,** (ii) **garbhphuth, puth, calógach, choux, geire, filo, briosca, cáis etc.**

Luaigh difríocht **amháin** idir na cineálacha taosráin atá ainmnithe agat.

**Glac le difríochtaí ó thaobh comhábhair a úsáideadh, coibhneas, modh a dhéanta, saintréithe/ cruth an taosráin etc.**

**7.** Luaigh an fheidhm atá ag **dhá** cheann de na cuibhitheoirí fisiceacha atá ainmnithe thíos. **(6)**

| Cineál | Feidhm |
|---|---|
| **Taisleáin** | **Coisceann triomú an bhia** |
| **Polafosfáití** | **Coisceann cnapóireacht (frithstolpadh), méadaíonn coinneáil uisce** |
| **Cobhsaitheoirí** | **Coisceann deighilt eibleachtaí** |

**8.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann le córas HACCP a chur i bhfeidhm. **(6)**

(i) **díbríonn nó laghdaíonn guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann/ táirgeann táirge níos sábháilte**

(ii) **bíonn oibrithe dírithe ar shábháilteacht bhia**

(iii) **comhlíontar ceanglas dlíthiúil na sábháilteachta, léiríonn taifid fianaise ar iarrachtaí chun sábháilteacht bia a fheabhsú, d'fhéadfadh taifid tionchar a bheith acu ar phleanáil amach anseo maidir le sábháilteacht, am agus airgead etc.**

**9.** Luaigh an fheidhm atá ag **gach ceann** de na páirteanna seo a leanas de chuisneoir. **(6)**

*Cuisneán*

**Tarraingíonn teas ón taobh istigh den chuisneoir, an teocht á laghdú dá réir/galaíonn an cuisneán trí theas a bhaint as.**

*Comhdhlúthadán*

**Comhshónn an cuisneán gásach ina leacht.**

**10.** Sainaithin **trí** airí feidhmiúcháin atá inmhianaithe i dteicstílí. **(6)**

(i) **buandathach**

(ii) **ionsúiteach**

(iii) **teolaí, láidir, fallaingíonn go maith, tréigtheachtdíonach, smáldíonach, roc-obach etc.**

**11.** Mínigh conas a chosnaíonn an tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí (1995) daoine a fhaigheann iasachtaí.
Tabhair **dhá** phointe. **(6)**

(i) **caithfidh fógraí creidmheasa na nithe seo a thaispeáint: an ráta céatadánach bliantúil (APR), an taisce a theastaíonn, tráthchodanna, muirir bhreise, sriantaí, praghas ar airgead síos, costas iomlán an chreidmheasa etc.**

(ii) **tréimhse 10 lá "shuaimhnithe"; caithfidh comhaontuithe creidmheasa bheith i scríbhinn; caithfear cur síos gearr a dhéanamh ar chostais agus ar phionóis; ní cheadaítear cleachtais áirithe e.g. iasachtóirí ag tabhairt cuairte ar iasachtaithe ag a n-ionad oibre; aistríonn an t-acht an fhreagracht faoi shrianadh muirir bhainc ón mBanc Ceannais go dtí Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí agus mar sin tá oscailteacht agus trédhearcacht ann don tomhaltóir.**

**12.** Cén t-eolas a chuireann gach ceann de na siombailí seo a leanas in iúl don tomhaltóir? **(6)**

**Tá soláthraithe pacáistithe tiomanta do chosaint na timpeallachta agus tá ranníocaíocht airgeadais déanta acu do chostas athchúrsála an fhuíollphacáistithe … úsáidtear in Éirinn amháin ag baill Repak**

An Ponc Ghlas

(ii) **Táirgí a bhfuil an lipéad seo orthu is lú a dhéanann damáiste don timpeallacht …**


Éicilipéad

# Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile as an roinn seo.**
**Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

**1.** Taispeántar thíos meastacháin ar dháileadh easpórtálacha agraibhia agus dí na hÉireann in 2008, de réir earnála.

**Miondealú ar easpórtálacha bia agus dí na hÉireann, 2008 (%)** *Foinse: An Bord Bia*




**(a)**(i) Déan trácht, agus tabhair mionchuntas, ar dháileadh (%) easpórtálacha bia agus dí na hÉireann mar a thaispeántar thuas. Déan tagairt i do fhreagra do <u>**cheithre**</u> earnáil.

***4 pointe @ 5 marc an ceann*** ***(20)***

***Táirgí déiríochta*** **– lena n-áirítear im, cáis, uachtar, púdar bainne, leatháin déiríochta, iógart, uachtar reoite; easpórtáiltear go forleathan; feirmeoireacht déiríochta, baineann bainne agus táirgí déiríochta eile leis an sciar is mó d'onnmhairí talmhaíochta etc.**

***Mairteoil*** **– tá Éire ar cheann de na heaspórtálaithe is mó mairteola chuig a lán tíortha difriúla; éileamh ard ann de bharr ardchaighdeáin táirgeachta agus inrianaitheachta etc.**

***Bianna ullmhaithe*** **– easpórtáiltear raon leathan bianna áise; lena n-áirítear béilí réamhullmhaithe, táirgí aon choda; píotsaí, anlainn etc., an earnáil is gasta fás i dtionscal bia na hÉireann; is cuideachtaí beaga iad cuid mhaith de na cuideachtaí; mhéadaigh slite maireachtála atá ag athrú, teaghlaigh níos lú agus taisteal an t-éileamh ar bhianna áise agus ar bhianna ó thíortha eile agus d'fhreagair tionscal bia na hÉireann do na héileamh seo etc.**

***Deochanna*** **– lena n-áirítear deochanna neamhalcólacha ar nós fíoruisce, súnna torthaí agus deochanna boga agus alcólacha mar uisce beatha, leann úll agus licéar uachtair e.g. Baileys; tá cuideachtaí áirithe tar éis bogadh as Éirinn go tíortha a bhfuil lucht saothair níos saoire acu etc.**

***Bia farraige*** **– lena n-áirítear sliogiasc, iasc úr agus iasc próiseáilte e.g. bradán deataithe, iasc aránaithe agus béilí ullmhaithe. Tá imeallbhord fairsing ag Éirinn agus teacht éasca ar uiscí atá gan mhilleadh a bheag nó a mhór agus tá cáil uirthi as ucht feabhas a cuid éisc agus táirgí éisc ardchaighdeáin; is earnáil í dobharshaothrú/feirmeoireacht éisc atá ag fás laistigh den tionscal seo etc.**

***Feoil Mhuice*** **–lena n-áirítear muiceoil, táirgí bagúin agus muiceola. Is í an Bhreatain an príomh-mhargadh d'onnmhairí ; onnmhairítear freisin go dtí an AE, go Meiriceá, go dtí an tSeapáin agus an tSín.**

***Eile*** **– áirítear anseo gairneoireacht inite i.e. torthaí agus glasraí, prátaí, gránaigh, milseogra; táirgtear muisiriúin phróiseáilte agus táirgí prátaí fuaraithe freisin; tá aeráid agus toscaí ithreach na hÉireann sármhaith d'fhás táirgí e.g. muisiriúin, prátaí, comhábhair sailéid; tá tionscal ardchaighdeáin gránach agus muilleoireachta in Éirinn – áirítear ar na táirgí raon leathan arán, seacláidí lámhdhéanta agus brioscaí etc.**

(ii) Tabhair sonraí ar dheiseanna gairme atá ar fáil laistigh de cheann amháin de na hearnálacha atá ainmnithe agat.

*2 pointe @ 2 marc an ceann* **(4)**

**Feirmeoirí, iascairí, gairneoirí, búistéir/oibrí seamlais, báicéir/milseogaire, cócaire, cáiseoirí, an tionscal margaíochta, fógraíochta, miondíoltóirí, gairmeacha i dtionscal na hóstánaíochta agus na lónadóireachta, diaitéiteach, teicneolaí bia, teicneoir bia, forbróir táirgí, táirgeadh, seirbhísí tacaíochta etc.**

**(b)** Is cuid thábhachtach í an fheoil d'iontógáil na micreachothaitheach mar an t-iarann. Tabhair cuntas ar an iarann agus bíodh tagairt agat dóibh seo:

- foinsí sa réim bia ***(3 foinse @ 3 marc an ceann)***
- feidhmeanna bitheolaíochta ***(3 foinse @ 3 marc an ceann)***
- an cion laethúil a mholtar do dhaoine fásta (RDA) ***(1 pointe @ 3 marc)*** **(21)**

**<u>Foinsí</u>**
**Iarann haeim a fhaightear i bhfeolta dearga, sicín, scairteach etc..**
**Iarann neamh-haeim i mbrocailí, gránaigh, uibheacha, glasraí glasa duilleacha agus piseánaigh, tofu, torthaí triomaithe, iasc, cócó, gnáthsheacláid, Guinness, púdar curaí etc.**

**<u>Feidhmeanna</u>**
**Comhábhar riachtanach haemaglóibine i bhfuilchealla dearga a iompraíonn ocsaigin go dtí na cealla; foirmíonn cuid de mhióglóibin, ar iompróir ocsaigine é; comhábhar riachtanach den chóras einsíme atá tábhachtach in úsáid ocsaigine chun fuinneamh a scaoileadh as bia; riachtanach don chóras imdhíonachta agus d'fhorbairt na hinchinne; coisceann ainéime; cuidíonn le haistriú leictreon.**

**<u>RDA</u> daoine fásta 10-14mg, toircheas /lachtadh 15mg**

**(c)** Sainaithin agus mínigh **<u>trí</u>** thoisc a théann i bhfeidhm ar ionsú iarainn sa chorp. **(15)**

***3 pointe @ 5 marc an ceann***

**<u>Tosca a chuidíonn le ionsú iarainn</u>**
**Cuidíonn Vitimín C le ionsú iarainn tríd an t-iarann feireach a athrú ina staid fheiriúil níos ionsúite; toisc go n-ionsúitear iarann haeim i mbia ainmhithe níos éasca ná iarann neamh-haeim i mbia glasraí, nuair a caitear iarann haeim agus neamh-haeim le chéile méadaítear an t-ionsú neamh-haeim; cuidíonn aigéad hidreaclórach sa ghoile le ionsú iarainn neamh-haeim trína thiontú ina iarann haeim; cuidíonn siúcraí, aigéad citreach agus aimíní le hionsú iarainn neamh-haeim; meastar go gcuidíonn próitéin le ionsú iarainn.**

**<u>Tosca a laghdaíonn ionsú iarainn</u>**
**aigéad ocsalach a fhaightear i dtorthaí agus i nglasraí; nascann aigéad fíteach a fhaightear i ngránach leis an iarann a laghdaíonn an t-ionsú; nascann iontógáil níos mó ná 35g snáithín in aghaidh an lae le hiarann agus laghdaíonn a ionsú; nascann tainnin a fhaightear i dtae agus polaifeanóil eile le hiarann agus laghdaíonn an t-ionsú; easpa vitimín C; féadfaidh caiféin/tobac/iomarca alcóil ionsú iarainn a laghdú freisin etc.**

**(d)** Pléigh na tosca a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chinnteoireacht an tomhaltóra maidir le feoil agus táirgí feola a cheannach. **(20)**

***4 pointe @ 5 marc an ceann***

**Airgeadas – an t-airgead ar fáil, gearrthacha a bhfuil níos lú costais leo**
**Áis – réamhullmhaithe, am, scileanna**
**Timpeallacht – orgánach**
**Sláinte – solamarach – saill íseal, iarann ard, salann íseal**
**Blas – bíonn blas níos fearr ar uaineoil ina séasúr féin**
**Inrianaitheacht – lipéadú, táirgthe in Éirinn**
**Fógraíocht – reáchtálann Bord Bia scéim Dearbhú Cáilíochta agus foilsíonn oidis.**
**Táirgí feola – codanna níos lú, níos éasca le ithe etc.**

**2.** **'Is beag duine a itheann an dá phíosa éisc a mholtar a ithe sa tseachtain. D'ainneoin roinnt den iascaireacht agus den iasc is fearr ar domhan a bheith inár dtimpeall is minic a bhíonn drogall orainn triail a bhaint as an mbia seo atá dochreidte sláintiúil.'**

*Preaseisiúint – Evening Herald*

**(a)** Déan an cion cothaitheach agus bia-eolaíoch a dhéanann iasc don réim bia a mheas. **(20)**

***5 pointe @ 4 marc an ceann***

**(Bíodh coinne le dhá cheann cothaitheach, dhá cheann diaitéiteach agus pointe amháin eile)**

**Cothaitheach**

**Sárfhoinse phróitéin HBV so-dhíleáite; gan aon lipid in iasc bán; iasc olúil ard in aigéid shailleacha il-neamhsháithithe (óimige 3 EPA agus DHA); tá colaistéaról i sliogiasc; tá iaidín agus fluairín i láthair in iasc mara; is foinse mhaith fosfair agus potaisiam agus since é iasc; tá cailciam i sliogiasc agus cnámha éisc stánaithe; tá vitimíní grúpa B i ngach iasc, vitimíní A agus D in iasc olúil; vitamin C in oisrí etc.**

**Diaitéiteach**

**Rogha mhaith in áit feola; soláthraíonn próitéiní HBV; ar bheagán méathrais agus úsáideach mar sin i réimeanna bia ar bheagán calraí agus colaistéaróil; ceanglaítear na cineálacha aigéid shailleacha atá i láthair le baol galar croí a mhaolú; éasca a dhíleá mar sin úsáideach i réimeanna bia do dhaoine aosta agus d'easláin: gan carbaihiodráit ann mar sin caithfear iad a chur leis seo, beagán vitamin C agus iarainn mar sin is fearr iad a riar le bianna ar mhórán de na cothaithigh seo. Is féidir a lán modhanna difriúla cócaireachta a úsáid etc.**

**(b)** Mol modh tirim cócaireachta **amháin** agus modh maoth cócaireachta **amháin** atá oiriúnach d'iasc.
Maidir le gach modh a mholtar:

- luaigh an bunphrionsabal cócaireachta atá i gceist
- déan trácht ar bhlastacht an éisc chócaráilte. **(20)**

***(modh - 2 marc; prionsabal - 2 pointe @ 3 marc an ceann, blastacht - 2 marc) x 2***

**Modhanna Tirime**

***Bácáil* – sruth comhiompair, an tseilf uachtarach is teo, dáileadh cothrom teasa ag feanoigheann, coscann an gal a ghineann an bia triomú, cuireann leis an mblas, bailchríoch bhriosc e.g. iasc aránaithe.**
***Gríoscadh / Beárbaiciú* – teas radanta, séalaíonn teas ón ngríoscadh dromchla an bhia agus séalaíonn an bhlastacht, an maothas agus cothaithigh isteach. Indíleáite, féadtar róchócaráil a dhéanamh go héasca.**
***Róstadh*, *Deatú***

**Modhanna Maotha**

***Scalladh* – seoladh agus comhiompar, cócaráil i leacht faoi bhun an phointe suanbhruithe 80°C go 90°C, indíleáite ach d'fhéadfadh easpa blastachta a bheith ann. Riartar le hanlann cuí de ghnáth chun cur leis an mblas;**
***Galú* – iasc a chócaráiltear de thoradh gal ag éirí ó uisce beirthe, ní theagmhaíonn an bia leis an uisce, scaipeann an gal thart ar an iasc, indíleáite ach d'fhéadfadh easpa blastachta a bheith ann.**
***Stobhadh* - seoladh agus comhiompar, cócaráiltear an t-iasc i méid beag leachta ar suanbhruith idir 80˚C agus 90˚C, coinnítear an blas, indíleáite, féadfaidh an t-iasc éirí práibeach de bharr na róchócarála.**
***Galstobhadh***

***Cócaireacht micreathoinne* – tirim/maoth**

**(c)** Sainaithin agus pléigh **dhá** threocht chomhaimseartha i bpatrúin itheacháin in Éirinn. **(10)**

***2 pointe @ 5 marc an ceann***

**Bianna nua/tionchar cultúr iasacht ar chomhábhair; san airdeall faoi chúrsaí sláinte; luach ar airgead; orgánach; saorthrádáil; bia a thógtar amach/ bia i mbun siúil/ bia sa charr; bia ullmhaithe/béilí ó dheilí; an dul amach nua ná béile sa bhaile le cairde etc.**

**3. Is aidhm lárnach de chuid an tionscail bhia é bia a chaomhnú chun fad a chur lena sheilfré, agus a shábháilteacht agus a cháilíocht a chinntiú ag an am céanna.**

**(a)** Leag amach sonraí maidir leis an measúnú comparáideach atá déanta agat ar bhia is féidir a chaomhnú agus úsáid a baint agat as **dhá** mhodh dhifriúla caomhnaithe. Déan tagairtí do fhreagra dóibh seo:

- ainm an bhia *(1 pointe @ 2 marc)*
- modhanna oiriúnacha caomhnaithe *(2 modh @ 3 marc an ceann)*
- bunphrionsabal gach modha caomhnaithe díobh *(4 pointe @ 3 marc an ceann- 2 pointe do gach modh)*
- baol millte bia. *(2 pointe @ 3 marc an ceann)*

**(26)**

***Reo* – teas agus taise a bhaint as chun einsímí a dhíghníomhú; foirmíonn criostail oighir rud a fhágann nach bhfuil leacht ar fáil do bhaictéir; le linn coscartha éiríonn an teas, bíonn maothas ar fáil agus fásann baictéir arís; díghníomhaíonn bánú roimh an reo einsímí; coinnítear dath, blas agus luach cothaitheach má dhéantar an stóráil i gceart; reo ag -25˚C stóráil ag -18˚C. féadfaidh dí-reo/coscairt leantach fás miocróbach a spreagadh; fágann dó reoiteora righniú, triomú agus mílítheacht etc.**
***Buidéalú /cannú* – scriosann steiriliú ag teochtaí arda einsímí agus miocrorgánaigh; fágann an claibín folús a choscann ath-iontráil aeir agus miocrorgánach; caillteanas datha, blais de bharr teochtaí arda; má bhrúitear cannaí d'fhéadfadh an bia a bheith millte de bharr Clostridium botulinum, léiríonn cannaí "séidte" go bhfuil baictéir i láthair etc.**
***Díhiodráitiú* – baintear as maothas agus siúcra/méadaíonn tiúchan salainn, ní féidir le miocrorgánaigh iolrú; seilfré fada nuair a stóráiltear i gceart in ionad fionnuar, tirim, dea-aeráilte; baol éillithe ag baictéaraigh nuair a chuirtear leacht leis; lotnaidí etc.**
***Ceimiceach* – e.g. salann, siúcra, alcól, fínéagar, aigéid, dé-ocsaíd sulfair agus níotráit curtha leis; foirmíonn leasaithigh cheimiceacha tuaslagán tiubhaithe sa bhia, agus iarracht á dhéanamh an tiúchan a chothromú tarraingítear uisce ón gcill mhiocróbach agus faigheann bás; déanann alcól dínádúrú ar phróitéin i gcealla baictéaracha; íslíonn aigéid pH go leibhéal do-ghlactha don fhás miocróbach agus do ghníomhaíocht einsíme; ní féidir miocrorgánaigh teacht slán ó thiúchana siúcra thar 65%, tugann salann ar chealla miocróbacha éirí díhiodráitithe trí osmóis etc.**
***Ionradaíocht* – téann dáileog shainithe gáma-ghathanna ianaithe tríd an mbia len é a steiriliú, chun aibiú a mhoilliú, chun bac a chur ar bhaictéir nimhithe bia nó iad a scrios agus chun péacadh a chosc; gan mórán d'athrú ar dhath, ar bhlas & uigeacht; déantar bia a steiriliú – seilfré an-fhada etc.**
***Paistéaradh, Ultra-theaschóireáil, Steiriliúchán, Reothriomú etc.***

**(b)** Déan úsáid plaisteach mar ábhar pacáistithe a mheas agus aird agat orthu seo:

- cineálacha *(2 chineál @ 2 marc an ceann)*
- oiriúnacht don aidhm *(2 pointe @ 3 marc an ceann)*
- tionchar timpeallachta *(2 pointe @ 3 marc an ceann)*

**(16)**

***Cineálacha* –málaí polaitéine, boscaí/cartáin phlaisteacha, buidéil PET, polaistiréine**
***Oiriúnacht don fheidhm*– láidir, maothasdíonach, áisiúil, éasca a láimhseáil, éadrom, solúbtha, is féidir a athshéalú, costas réasúnta íseal, oiriúnach do bhia reoite, éagsúlacht meáchan, tiús, is féidir priontáil orthu, gan a bheith chomh guaiseach, d'fhéadfadh cuid acu bia-ábhair a thruailliú**
***Tionchar ar an timpeallacht* – déanta as amhola ar fhoinse neamh-in-athnuaite í, easpa áiseanna don athchúrsáil, cuireann bulc ollmhór le láithreáin líonta talún, do-bhithmhillte, níl gach plaisteach in-athchúrsáilte etc.**
**Is féidir buidéil PET a mhionstialladh agus a úsáid mar snáithín do línéail phoileistir etc.**

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar an gcosaint a chuireann na Rialacháin Lipéadaithe (1982, 1991 agus 2002) ar fáil don tomhaltóir. **(8)**

***2 pointe @ 4 marc an ceann***

**Ní mór gach lipéad a bheith soiléir, inléite, doscriosta; níor chóir an tomhaltóir a chur amú i.e. gan aon mhaíomh a thugann le fios gur féidir le táirge bia galar a chosc nó a leigheas, teanga a thuigeann an tomhaltóir, níor chóir a bheith doiléir ar aon bhealach, ba chóir eolas riachtanach a bheith ar an bpacáiste.**

**4. Tá fiacha ollmhóra de €115,000 ar an ngnáth-theaghlach in Éirinn de réir an Phríomh-Oifig Staidrimh agus de réir mar a théann an cúlú eacnamaíochta i ngéire tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine atá ag streachailt le hualach na bhfiach pearsanta.**

*(POS – Preaseisiúint, Aibreán '09)*

**(a)** Mol roinnt straitéisí ba cheart a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn buiséid teaghlaigh á bpleanáil le bainistiú éifeachtach ar acmhainní airgeadais a chinntiú. **(20)**

***5 pointe @ 4 marc an ceann***

**Liostaigh gach foinse glanioncaim, liostaigh caiteachas pleanáilte, socraithe, neamhrialta agus lánroghnach. Déan caiteachas seachtaine/míosa a ríomh, caiteachas roghnach san áireamh – an Nollaig, bíodh athruithe i dtosca áirithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist san áireamh, cuir coigilteas fadtéarmach agus gearrthéarmach san áireamh, déan airgead éigin a dháileadh le haghaidh caiteachais phearsanta, coinnigh cóipeanna de bhillí agus d'admhálacha, déan buiséid a mheas agus a athbhreithniú go rialta etc.**

**(b)** Mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach **gach** ceann díobh seo a leanas a chur san áireamh agus scéim choigiltis á roghnú:

(i) sábháilteacht an choigiltis
(ii) t-ús atá iníoctha
(iii) teacht ar chistí
(iv) an chain atá iníoctha. **(20)**

***4 pointe @ 5 marc an ceann***

***Sábháilteacht an choigiltis*** **– tá scéimeanna coigiltis áirithe an-sábháilte e.g. An Post agus bainc (ráthaíocht rialtais suas go €100,000). Tairgeann cuid eile torthaí ar choigilteas a d'fhéadfadh a bheith níos mó ach d'fhéadfadh go mbeadh caillteanas ann freisin toisc go bhfuil siad ag brath ar an stocmhargadh (scéimeanna bunaithe ar chothromas).**
***An t-ús iníoctha*** **– athraíonn ó institiúid airgeadais amháin go eile agus freisin tairgeann scéimeanna éagsúla rátaí éagsúla leis an institiúid chéanna. Ráta úis iníoctha tábhachtach má táthar ag brath ar ús mar ioncam.**
***Teacht ar chistí*** **– dá bhféadfadh go dteastódh airgead sa ghearrthéarma ba chóir infheistíocht i scéimeanna meántéarma nó fadtéarma a sheachaint mar go ngearrtar pionós má dhéantar aistarraingt luath nó tiontú ina airgead roimh théarma. Ceadaíonn scéimeanna áirithe 1/2 aistharraingt in aghaidh na bliana gan phionós etc.**
***An chain atá iníoctha*** **– d'fhéadfadh go mbeadh DIRT le íoc ar choigilteas ach tá cuid acu saor ó chain e.g. scéimeanna An Post etc.**

**(c)** Mínigh conas a chuidíonn MABS (an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid) le teaghlaigh a bhfuil deacrachtaí airgeadais ag cur as dóibh. **(10)**

***2 pointe @ 5 marc an ceann***

**Tugann comhairle faoi dhéileáil le fadhbanna fiachais láithreacha; cuidíonn le teaghlaigh scileanna bainistithe airgid a fhorbairt – buiséid réalacha agus sceidil aisíocaíochta á bpleanáil; cuireann comhairle faoi scéimeanna speisialta a bheadh ar fáil e.g. breosla; cuireann comhairle faoi fhoinsí airgeadais níos saoire e.g. comhair chreidmheasa etc.**

**5.** **'Aithníonn an Stát go dtugann saol an teaghlaigh tacaíocht don tsochaí nach bhféadfadh an leas coiteann déanamh dá uireasa. Déanann an Stát iarracht tacú leis an gcúram a thugtar do dhaoine laistigh den teaghlach'.**

*An Chomhairle um Shláinte Ban*

**(a)** Déan cur síos ar **cheithre** phríomhfheidhm de chuid an teaghlaigh sa tsochaí nua-aimseartha **agus** tabhair breac-chuntas ar conas a thacaíonn an Stát leis an teaghlach maidir leis na feidhmeanna sin. **(24)**

***4 pointe @ 6 marc an ceann***

***Feidhm oiliúna, thógála, mhothúchánach*** **– déanann an teaghlach cúram d'fhorbairt shíceolaíoch agus mhothúchánach an pháiste, cuireann athdheimhniú, spreagadh, grá agus tacaíocht ar fáil a chuidíonn le páiste pearsantacht cothromaithe go maith a fhorbairt i dtimpeallacht ghrámhar, slán sábháilte etc.**
***Feidhm eacnamaíoch*** **– oibríonn daoine fásta sa teaghlach chun airgead a thuilleamh chun soláthar a dhéanamh do chleithiúnaithe etc.**
***Feidhm intleachtúil/oideachasúil*** **– is é an teaghlach an chéad oideoir, tacaíonn níos deireanaí le hoideachas stáit páistí trí mhaoirseacht ar obair bhaile, an páiste a spreagadh agus timpeallacht spreagthach baile a chur ar fáil etc.**
***Sóisialú*** **– is é an teaghlach príomhionad an tsóisialaithe, cuireann páiste ar an eolas faoi chreidimh, faoi chultúr, theanga, nósanna, thraidisiúin agus luacha na sochaí ina bhfuil cónaí orthu. Feidhmíonn teaghlaigh mar ghníomhaire srianta sóisialta trí léiriú don pháiste cad is iompar inghlactha agus do-ghlactha ann etc.**
***Feidhm chosanta/fhisiciúil*** **– cosnaíonn an teaghlach agus déanann cúram de dhaoine óga, scothaosta agus daoine le riachtanais speisialta; soláthraíonn do na bunriachtanais fhisiciúla etc.**

***An chaoi a dtacaíonn an Stát leis an teaghlach:*** **<u>Mothúchánach</u> – cúrsaí tuismitheoireachta, seirbhísí síceolaíochta a dtacaíonn an Stát leo**
**<u>Eacnamaíoch</u> – Sochar linbh, Liúntas do Lucht Cuarda poist FIS, cárta liachta, liúntais do dhaoine aosta;**
**<u>Oideachasúil</u> – scolaíocht fhoirmiúil; tacaíochtaí do dhaltaí le riachtanais speisialta a dteastaíonn cóiríocht ar leith uathu do scrúduithe stáit; NEWB chun lucht luathfhágálaithe scoile a rianadh**
**<u>Feidhm Shóisialta</u> - tacaítear léi freisin sa scolaíocht fhoirmiúil**
**<u>Feidhm Chosanta/Fhisiciúil</u> - féadfaidh an stat idirghabháil a dhéanamh i gcásanna faillí, cruálachta nó mí-úsáid páiste etc.**

**(b)** Pléigh na buntáistí a bhaineann le cumarsáid mhaith idir an leanbh agus an tuismitheoir. **(12)**

***3 pointe @ 4 marc an ceann***

**Cumasaíonn caidreamh ardchaighdeáin, airíonn páistí go bhfuil meas orthu mar gur féidir leo a gcuid idéanna, mothúchán agus smaointe a chur in iúl i dtimpeallacht slán; forbraíonn scileanna maithe éisteachta – scil saoil mhaith; is féidir strus a chosc, bíonn sé níos éasca easaontais a réiteach agus comhréitigh a aontú más gá; riachtanach d'fhorbairt féinmheasa dhearfach; cruthaíonn timpeallacht bhaile atá dearfach agus gan strus etc.**

**(c)** Abair cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh tuismitheoirí uacht agus tabhair breac-chuntas ar an ngnáthamh a bhíonn i gceist. **(14)**

***2 pointe @ 2 marc an ceann***

**<u>Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach</u>**
**Féadtar mianta an tuismitheora/na dtuismitheoirí a chur i gcrích agus fadhbanna a d'fhéadfadh a eascairt go háirithe don chéile, a sheachaint; téann an mhaoin go dtí an té a roghnaigh an duine nach maireann; is duine a roghnaigh na tuismitheoirí a riarann an t-eastát (seiceadóir); féadtar cáin oidhreachta do chleithiúnaithe a laghdú; socruithe caomhnóireachta do pháistí má bhíonn an bheirt tuismitheoirí marbh etc.**

***5 pointe @ 2 marc an ceann***

**<u>Gnáthamh</u>**
**Fostaigh dlíodóir; déan liosta sócmhainní; <u>roghnaigh seiceadóir</u>, cuir liosta tairbhithe le chéile; déan cur síos ar an rud is mian leat maidir le socruithe sochraide agus áit adhlactha nó socruithe do pháistí má bhíonn an bheirt tuismitheoirí marbh; <u>dréachtaigh an uacht i scríbhinn</u>; sínigh í <u>i láthair 2 fhinné</u>; coinnigh slán í (i mbanc nó in oifig dlíodóra) etc.**

# Roinn C

**Freagair ceist ar ábhar roghnach amháin as an roinn seo.**

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) agus 1(b) <u>nó</u> 1(c) a fhreagairt.**

**1.(a) Tá feasacht ar ghnéithe agus ar phrionsabail an dearaidh bunriachtanach nuair a bhíonn cumadóireacht rathúil amhairc á cruthú.**

(i) Mínigh **<u>trí</u>** phrionsabal de chuid an dearaidh agus tabhair sampla de chur i bhfeidhm gach ceann díobh i ndearadh intí. **(18)**

***3 pointe @ 6 marc an ceann***

***Comhréir* – is é seo an coibhneas idir rudaí éagsúla agus a méid. Ní mór do gach rud i seomra bheith ar mhéid/airde atá i gcomhréir le gach earra eile atá le dul sa seomra. Ní mór é seo a chur i bhfeidhm ar dhathanna, ar phatrúin agus ar uigeachtaí sa seomra.**
***Béim* – seo í an áit a dtarraingítear an tsúil go dtí rud nó láthair nó gné ar leith laistigh den seomra. Tugtar pointe fócasach an tseomra air seo. Teallach i seomra suí**
***Cothromaíocht* – ciallaíonn sé seo go bhfuil teacht le chéile idir gach cuid de dhearadh seomra. Níor chóir go mbeadh gné nó eilimint amháin den seomra ceannasach ar cheann eile. Ba chóir go mbeadh lear cothrom datha, patrúin agus uigeachta ann a oibríonn go maith le chéile. Tugann seomra atá cothromaithe go maith pléisiúr aeistéitiúil.**
***Rithim* – bíonn sé seo ann nuair a tharraingíonn dathanna nó patrúin a thagann i gceist arís agus arís ar earraí difriúla, an seomra le chéile. Baintear amach é trí earraí éagsúla i seomra a nascadh. Féadtar é seo a dhéanamh trí dhath difriúil a úsáid arís is arís in áiteanna difriúla nó trí earraí a bhfuil stíl, cruth nó patrún comhchosúil a úsáid ar fud an tseomra.**

(ii) Mínigh conas is féidir le **<u>gach</u>** ceann de na tosca atá liostaithe thíos agat tionchar a imirt ar an dearadh intí sa bhaile:

- tosca aeistéitiúla agus compoird
- eirgeanamaíocht
- méid agus cúinsí an teaghlaigh. **(20)**

***5 pointe @ 4 marc an ceann***

***Tosca aeistéitiúla agus compoird* – mealltacht ó thaobh cuma, rogha phearsanta, treochtaí datha, treochtaí patrún agus uigeacht, feidhm seomra, ní mór teas, soilsiú agus aerú a bheith ag leibhéal atá compordach; ní mór gach airde e.g. dromchlaí oibre, a bheith ag leibhéal oiriúnach chun míchompord a sheachaint**

***Eirgeanamaíocht* – ba cheart do dhearadh seomra freastal ar ghluaiseacht éasca, freastal ar shreabhadh nádúrtha tráchta, ba cheart go mbeadh sé éasca spásanna a ghlanadh agus rochtain shaor ar gach áit e.g. fuinneoga, soicéid; ba cheart go n-éascódh dearadh seomra uaséifeacht e.g. triantán oibre**

***Méid agus cúinsí an teaghlaigh* – líon agus aois bhaill an teaghlaigh, áiteanna súgartha agus staidéir, roghanna agus tosaíochtaí gach ball teaghlaigh e.g. dathanna, ioncam teaghlaigh, líon na ndaoine ag obair, praiticiúil, marthanach, solúbtha le riachtanais na n-áititheoirí go léir a chur san áireamh, éasca dromchlaí a ghlanadh, riachtanais láithreacha agus sa todhchaí etc.**

(iii) Mol cineál **amháin** fabraice atá oiriúnach le haghaidh bogfheisteas tí. Luaigh cúiseanna le do rogha. **(12)**

***3 marc do chineál fabraice, fáthanna 3 @ 3marc an ceann***

**Fabraicí – cadás, línéadach, olann, poileistear, veilbhit, síoda, leathar, vinil, svaeid**
**Cúiseanna – bainteach le feidhm an bhogfheistis e.g. fabraic cuirtíní – fallaingíonn go maith, réamhchraptha, tréigtheachtdíonach, lasairdhíonach, marthanach. Cúisíní – láidir, in-nite/is féidir a thirimghlanadh, smáldíonach, éadaí leapa – mín, dlúthfhite, ionsúiteach, éasca a ní, crapdhíonach.**

**agus**

**1.(b)** (i) Déan cur síos ar na próisis a chuirtear i bhfeidhm in ionaid chóireála uisce lena chinntiú go bhfuil an soláthar uisce tí oiriúnach le húsáid ag daoine. **(15)**

***5 pointe @ 3 marc an ceann***

***Scagadh* – baintear as salachar mar smionagar ar snámh;**
***Dríodrú* – cuirtear ceimicigh leis an uisce a cheanglaíonn iad féin leis an salachar a théann go bun an iomair; ligtear don uisce síothlú sa chaoi gur féidir duilleoga, ithir agus ábhar soladach a bhaint as;**
***Scagachán* – déantar scagadh ar an uisce le haon salachar atá fágtha a bhaint as**
***Clóiríniú* – cuirtear clóirín leis chun baictéir a mharú**
***Fluairídiú* – cuirtear fluairíd leis chun fiacla a láidriú agus meath na bhfiacla a laghdú**
***Bogadh* – Cuirtear clóiríd aoil le uisce crua a bhogadh**
***Tástáil* – déantar uisce a thástáil le haghaidh cáilíochta agus fíorghlaineachta**

(ii) Maidir leis an gcóras stórála d'uisce fuar sa teach, mínigh an fheidhm atá ag **gach** ceann díobh seo a leanas:

- stopchoca
- comhla liathróide / coca liathróide
- píobán sceite. **(15)**

***3 pointe @ 5 marc an ceann***

**Stopchoca – rialaíonn soláthar uisce go dtí teach aonair (ar/as)**
**Comhla liathróide – rialaíonn leibhéil uisce nó an ráta líonta a úsáidtear i sistéil leithris nó in umair uisce**
**Píobán sceite – ar fhaitíos go dteipeann ar an gcomhla liathróide tógann sé seo ansin an farasbarr uisce ón umar stórála.**

**nó**

**1.(c)** **D'fhormhór na ndaoine óga, go mór mór daoine aonair, is beag an seans go mbeidh ar a gcumas teach a cheannach go luath ó tá leibhéal an ioncaim laghdaithe agus an dífhostaíocht ag dul i méid.**

(i) Pléigh leordhóthanacht an tsoláthair tithíochta in Éirinn an lae inniu. **(18)**

***3 pointe @ 6 marc an ceann***

***Tithíocht phríobháideach* – leibhéal an-ard úinéireacht tí 80% úinéirí tí, níos airde ná meán AE, spreag beartas rialtais úinéireacht tí e.g. faoiseamh ar ús morgáiste, scéimeanna ceannaigh do thionóntaí etc. Le tamall beag anuas (borradh an tíogair cheiltigh) rathúnas eacnamaíochta méadaithe, rátaí ísle úis, chruthaigh daonra óg a bhí ag méadú cúinsí ardéilimh ar úinéireacht tí. Ag an mbuaicphointe sháraigh éileamh an soláthar. Tógadh líon an-mhór tithe. Tá athrú ar chúrsaí anois. Tá maolú mór ar an tionscal tógála. Tá a lán tithe tógtha agus níl siad á ndíol. Tá laghdú tagtha ar luach maoine ach tá an margadh an-mhall i gcónaí. Sáraíonn soláthar éileamh i gceantair áirithe.**
***Tithíocht shóisialta* – Do dhaoine ar ioncaim níos ísle nó dóibh siúd nach acmhainn dóibh teach príobháideach, á cur ar fáil go príomha ag an údarás áitiúil nó ag grúpaí tithíochta deonacha nó comharthithíocht. Ardú substaintiúil ar líon na ndaoine ar liostaí feithimh; is féidir a bheith ag fanacht ar feadh roinnt blianta. Ní fhreastalaíonn soláthar don éileamh. Faigheann teaghlaigh, daoine le míchumas agus daoine aosta tosaíocht, tá daoine aonair faoi mhíbhuntáiste. Scéimeanna 'Oibreacha feabhais' in áit scéim thithíochta an údaráis áitiúil etc.**
***An earnáil chíosa phríobháideach* – Éileamh ard ar chóiríocht ar cíos ag oibrithe óga singil nó mic léinn; an t-éileamh go príomha i gceantair uirbeacha, soláthar teoranta ar fáil agus ar chaighdeán íseal in amanna. Cuireann tithíocht shaintógtha do mhic léinn cóiríocht ar cíos ar fáil ach tá gan mórán ar fáil. Tá méadú tagtha ar thithe ar cíos le blianta beaga agus i gceantair áirithe sáraíonn soláthar éileamh etc.**

(ii) Ainmnigh cineál **amháin** tithíochta sóisialta agus tabhair sonraí faoi. **(12)**

***Ainm – 4 marc***
***Sonraí – 2 pointe @ 4 marc an ceann***

***Tithíocht údaráis áitiúil*** **– soláthraithe tithíochta dóibh siúd nach acmhainn leo é; Tá coinníollacha a gcaithfear a chomhlíonadh le iasacht a fháil i.e. gá acu leis ach gan iad a bheith in ann óna gcuid acmhainní féin, gan iad in ann morgáiste a fháil ón mbanc nó ó chumann foirgníochta, caithfidh siad tástáil cháilitheachta a shásamh. Is féidir 95% de phraghas an tí a fháil ar iasacht agus é a aisíoc thar 25 bliain. Cuirtear aisíocaíochtaí iasachta i gcomparáid le ioncam gan níos mó ná 35% de ghlanioncam an teaghlaigh i gceist.**

***Scéim cheannaigh do thionóntaí*** **– Do thionóntaí a bhfuil gá acu le tithíocht ach nach féidir leo praghas iomlán an mhargaidh a íoc. An rogha ag tionóntaí bliana nó níos mó an teach a cheannach glan amach nó trí úinéireacht roinnte. Luach an mhargaidh ar phraghas an tí lúide lascainí do gach bliain tionóntachta suas go uasmhéid 10 bliain**

***Scéim úinéireachta roinnte*** **– roinnte idir an t-úinéir roinnte agus an tÚ.Á. Caithfidh iarratasóir 40% de luach an tí a cheannach agus an 60% atá fágtha a thógáil ar cíos ón Ú.Á. Is féidir le tionónta an 60% atá fágtha a cheannach nuair a bhíonn an chuid tosaigh díolta.**

***Scéim liúntas morgáiste*** **– tá sé seo ar fáil dóibh siúd ar mian leo teach príobháideach a thógáil nó a cheannach. Díoltar liúntas díreach chuig an t-iascachtóir morgáiste.**

***Scéim tithíochta inacmhainne*** **– tairgeann an tÚ.Á. tithe ag praghsanna lascainithe dóibh siúd atá incháilithe (gá acu leis agus sásaíonn tástáil incháilitheachta). An teach le ceannach glan amach.**

***Tithíocht dheonach*** **– tairgeann cumainn tithíochta dheonacha cóiríocht ar cíos – tithe, árasáin, scáth-thithíocht, grúpthithe, brúnna – dóibh siúd i ngátar. Is eagraíochtaí neamhbhrabúsacha iad e.g. Respond; ní mór dóibh a bheith faofa ag an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil le cúnamh airgeadais a fháil.**

***Comharthithíocht*** **– tagann grúpa daoine le chéile chun an comharchumann a bhunú agus tógann tithe trí chostais an tsuímh, an tógálaí etc a roinnt... d'fhéadfadh sochar a bhaint as suímh ar chostas íseal a chuireann an ÚÁ ar fáil más tionóntaí de chuid an Ú.Á. iad 75% de na baill nó má tá siad ar an liosta tithíochta. Tionscnaimh neamhbhrabúsacha. Soláthraíonn tithe ar cíos nó don úinéireacht.**

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2(a) agus 2(b) nó 2(c) a fhreagairt.**

**2.(a) Féadfaidh an feisteas ceart a chaitear ar fhéile difríocht mhór a dhéanamh maidir leis an taitneamh a bhaineann tú as ócáid.**

(i) Tabhair cuntas ar na tosca a mbeadh tionchar acu ar do rogha éadaí agus tú ag freastal ar fhéile cheoil amuigh faoin spéir. **(8)**

***4 pointe @ 2 marc an ceann***

**Compord, stíl, faisean, oiriúnach don aimsir, téama na féile, etc**

(ii) Sceitseáil **agus** déan cur síos ar fheisteas a bheadh oiriúnach lena chaitheamh ag a leithéid d'fhéile. **(9)**

***Sceitse = 5 marc, Cur síos = 4 marc***

(iii) Maidir leis an bhfeisteas, tabhair sonraí fúthu seo:
- cineál **amháin** fabraice a bheadh oiriúnach agus na cúiseanna leis an rogha
- bailchríoch fheidhmiúil **amháin** a d'fhéadfaí a chur leis an bhfabraic. **(8)**

***cineál fabraice = 2 marc***
***2 cúis @ 2 marc an ceann***
***bailchríoch fheidhmiúil = 2 marc***

**Fabraic – cadás – compordach, bog, ionsúiteach, fionnuar**
**Cadás poileistir – láidir, roc-obach, éadrom.**
**Líocra – compordach, sínteach, coinníonn an cruth.**
**Bailchríoch fheidhmiúil – roc-obach, frithstatach, smáldíonach, uiscedhíonach, uisce-obach etc.**

**agus**

**2.(b)** Scríobh próifíl ar fhabraic chumaisc **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Déan tagairt dóibh seo:
- táirgeadh ***(3 pointe @ 2 marc an ceann)***
- airíonna ***(2 pointe @ 2 marc an ceann)***
- tástáil aitheantais ***(3 marc)***
- úsáidí. ***(2 úsáid @ 1 marc an ceann)*** **(15)**

**Táirgeadh: Olann agus níolón, cadás poileistir, cadás agus cadás líocra agus línéadach**
**Cadás – baintear an cochall, tógtar na snáithíní cadáis amach, sníomhtar ina snátha é**
**Poileistear – cruthaítear leacht vioscósach agus easbhrúitear é trí phoill mhíne i mbuinne nó sníomhadán. Soladaíonn na filiméid nuair a shroicheann siad an t-aer fuar.**
**Déantar lomra olla a ghrádú, a ghlanadh agus a spíonadh**
**Níolón – measctar dhá cheimiceán le chéile agus téitear iad, nascann móilíní chun filiméad fada a tháirgeadh, déantar níolón te a steancadh ó scoiltín i mbun árthach cruaiche etc.**
**Is féidir cumasc a dhéanamh ar dhá bhealach *Comhcheangail/meascadh* sníomhtar snáithe le chéile e.g. Is cadás an dlúth agus línéadach an t-inneach *Cumaisc* déantar snáithíní a chumasc roimh nó de réir mar a bhíonn snáithín á sníomh.**

**Airíonna – airíonna an dá fhabraic cumaiscthe.**

**Tástáil aitheanta – tástáil dó nó measúnú micreascópach**

**Úsáid - éadach, bogfheisteas tí, éadach leapa etc.**

**2.(c)** (i) Pléigh conas a d'éirigh le tionscal éadaí na hÉireann aitheantas idirnáisiúnta a choinneáil. **(9)**

***3 pointe @ 3 marc an ceann***

**Earraí a tháirgeadh a fhreastalaíonn ar riachtanais a gcustaiméirí e.g. cultacha Magee, hataí Phillip Treacy; tabhairt suas chun dáta agus infheistiú i dteicneolaíochtaí – d'infheistigh fíodóireacht Magee go láidir in innealra nua-aimseartha chun fabraicí ardchaighdeáin a chur ar fáil; iomaíochas – dearaí ardchaighdeáin a thairiscint ar phraghsanna réasúnta; feachtais mhargaíochta thar lear ag cur béim ar chaighdeán an bhranda Éireannaigh; daoine mór le rá i mbéal an phobail agus éadaí ó dhearthóirí Éireannacha á gcaitheamh acu e.g. Mary Robinson agus éadaí Louise Kennedy á gcaitheamh; Mhúscail cultacha de chuid Riverdance, dearadh de chuid an couturier Éireannach Jen Kelly, suim ar leith i bpróifíl fabraicí agus ceirdeanna traidisiúnta Éireannacha; Fás trí chláir oiliúna agus trí chomhtháthú na teicneolaíochta; Feachtas 'Look to Our Own' de chuid An Bord Tráchtála; Forbairt / tionscnaimh fiontair e.g. méadú ar úsáid CAD etc.**

(ii) Ainmnigh agus tabhair sonraí maidir le deis ghairme **amháin** sa tionscal teicstíle. **(6)**

***Ainm = 2 marc***
***2 pointe @ 2 marc an ceann***

**Dearthóirí faisin, táilliúirí, iriseoirí agus eagarthóirí faisin, grianghrafadóirí, mainicíní, stílí, déantúsóirí éadaí, fógraíocht, díoltóirí, etc.**

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3(a) agus 3(b) nó 3(c) a fhreagairt.**

**3.(a) Tá deireadh tagtha le tréimhse fhada fáis i ngeilleagar na hÉireann. Cuirfidh sé le líon na dteaghlach atá i mbaol bochtaineachta.**

(i) Pléigh tionchar **gach ceann** díobh seo a leanas mar thoisc a chuireann leis an mbochtaineacht in Éirinn an lae inniu:
- an cúlú eacnamaíochta
- polasaí sóisialta
- timthriall na heaspa i dteaghlaigh agus i limistéir thíreolaíocha. **(30)**

***5 pointe @ 6 marc an ceann***

***An Cúlú Eacnamaíochta*– nuair a bhíonn an geilleagar lag/ cúlú ann éiríonn leibhéil dífhostaíochta; an geilleagar domhanda/domhandú cuid mhór post caillte i dtionscal na déantúsaíochta etc.; tá leibhéil an éilimh ar tháirgí agus ar sheirbhísí tite rud a fhágann gur dhún a lán cuideachtaí dúchasacha agus iad i bhfiacha, gan ach beagán dóchais don todhchaí.**
***Polasaí Sóisialta* – má bhíonn tuarastail íseal is beag dreasachta a bhíonn ann do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach filleadh ar líon an lucht oibre toisc go bhféadfadh go gcaillfidís cuid dá sochar agus go mbeidís níos measa as ó thaobh airgeadais sa deireadh thiar. D'fhéadfadh go gcuirfeadh polasaí sóisialta leis an mbochtaineacht má fhágann na sochair ón bpolasaí gur beag spreagadh atá ann fostaíocht a lorg.**
***Timthriall na heaspa agus limistéir thíreolaíocha* – d'fhéadfadh nach mbeadh na deiseanna céanna ag páistí ó íosghrúpaí socheacnamaíocha agus a bheadh acu siúd ó ghrúpaí socheacnamaíocha níos airde. D'fhéadfadh go mbeadh dífhostaíocht nó poist ar phá íseal dá thoradh seo. Bíonn an taithí céanna ag a gcuid páistí siúd ina seal agus leanann an timthriall.**
**Tagann bochtaineacht ó easpa oideachais agus féadfaidh easpa oideachais díriú ar an mbochtaineacht.**
**Ceantair ard-dífhostaíochta; Tionscail ag dúnadh i gceantair nach bhfuil ach corrdheis fostaíochta eile iontu etc.**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar iarrachtaí atá siúl ag an Stát chun an bhochtaineacht a dhíbirt. **(10)**

***2 pointe @ 5 marc an ceann***

**Cúnamh/sochar leasa shóisialaigh – liúntas cuardaitheora poist, íocaíocht teaghlach aontuismitheora, an pinsean seanaoise, sochar leanaí, liúntas leasa forlíontach, forlíonadh ioncam teaghlaigh, Tithíocht údaráis áitiúil etc.**
**Tionscnaimh a spreagann infheistíocht eachtrach.**
**Scéimeanna le caiteachas a laghdú do theaghlaigh ar ioncam íseal – Cártaí liachta; liúntas éadaí agus coisbhirt don scoilbhliain nua; scéim deontas na leabhar scoile; scéim liúntais mhorgáiste; scéim náisiúnta breosla.**
**An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine – cuireann comhairle ar lucht déanta beartas faoin mbochtaineacht agus faoin eisiamh sóisialta a chosc agus faoi dheireadh a chur leis.**
**Clár Forbartha Pobail chun lárionaid acmhainne pobail a fhorbairt i gceantair faoi mhíbhuntáiste.**
**An Straitéis Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta (NAPS) – clár deich mbliana chun an bhochtaineacht a laghdú ag díriú ar ioncam, dífhostaíocht, míbhuntáiste oideachasúil agus bochtaineacht uirbeach/tuaithe.**
**Pá íosta náisiúnta.**
**Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid – á maoiniú ag an Roinn Gnóthaí Sóisialta, Pobail agus Teaghlaigh, FÁS; VTOS etc.**

(iii) Scríobh nóta faisnéise faoi eagraíocht dheonach náisiúnta **amháin** a bhíonn ag obair le daoine aonair/teaghlaigh atá ag fulaingt de dheasca na bochtaineachta. **(10)**

***Ainm - 2 marc,***
***2 thosca @ 4 marc***

**e.g. Cumann Naomh Uinseann de Pól, Focus Ireland, Clann Shíomóin etc.**

**agus**

**3.(b) 'Nuair a bhíonn timpeallacht dhinimiciúil oibre ag daoine spreagtar iad chun a dtuairimí a roinnt le chéile agus a bheith nuálaíoch.'** *(Irish Independent, Márta 2009)*

(i) Déan measúnú ar an gcaoi a dtéann tosca intreacha **agus** tosca eistreacha i bhfeidhm ar dhearcadh daoine i leith na hoibre. **(10)**

***2 pointe @ 5 marc an ceann***

***Intreacha*** **– an lánsástacht a thugann post, má thugann post mothú go bhfuil rud éigin bainte amach tugann sé seo muinín do na hoibrithe, is ábhar mórtais é, sásamh as an bpost, scóp chun a bheith cruthaíoch, oibrithe níos spreagtha agus iad níos cruthaithí**
***Eistreacha*** **– luaíochtaí airgid e.g. tuarastal ard, bónais, sochair, stádas; féadfaidh dul i bhfeidhm ar chur chuige, ar shásamh as an bpost, ar thiomantas etc.**

(ii) Sainaithin agus pléigh cuid de na hathruithe i bpatrúin oibre agus in infhaighteacht oibre in Éirinn sa lá atá inniu ann. **(20)**

***4 pointe @ 5 marc an ceann***

**Úsáid na teicneolaíochta; laghdú ar uaireanta oibre; rannpháirtíocht bhreise ban ag an obair; cáilíochtaí ag teastáil le haghaidh post; solúbthacht in uaireanta oibre; ag obair ón mbaile; struchtúir thacaíochta e.g. crèches; cúinsí oibre feabhsaithe; saoire thuismitheoirí; saoire scoilbhliana; sos gairme; postroinnt, níos mó aithreacha ag fanacht sa mbaile. D'fhág méaduithe ar thionscail seirbhíse agus laghdú ar thionscail phríomhúla agus ar thionscail thánaisteacha, gearradh siar ar thionscail threasacha gur cailleadh poist i seirbhísí poiblí – déantúsaíocht ag bogadh go tíortha ina bhfuil costas saothair íseal; d'athraigh úsáid IT an cineál oibre ata ar fáil etc.**

**nó**

**3.(c) 'Tá mar aidhm ag an meánoideachas in Éirinn tógáil ar bhunchloch an bhunoideachais chun timpeallacht chuimsitheach d'ardchaighdeán foghlama a chur ar fáil chun go mbeadh ar chumas gach mac léinn saol iomlán a chaitheamh agus a n-acmhainn mar dhaoine aonair agus mar shaoránaigh a bhaint amach.'**

*(www.educationireland.ie)*

(i) Tabhair breac-chuntas ar chuspóir an oideachais mar ullmhúchán don obair. **(10)**

***2 pointe @ 5 marc an ceann***

**Cáilíochtaí pearsanta – freagracht, iontaofa, féin-araíonacht**
**Acadúil/Scileanna – uimhearthacht, litearthacht, ealaíonta, IT etc.**
**Sóisialú – poncúlacht, meas ar údarás agus ar rialacha, ar chóid iompraíochta**
**Cláir oideachasúla– tairgeann TY agus LCA taithí oibre, treoir ghairme etc.**

(ii) Pléigh comhionannas deiseanna oideachais agus tagairt agat do **gach ceann** díobh seo a leanas:

- cothromas inscní
- luathfhágálaithe scoile. **(20)**

***(2 pointe @ 5 marc an ceann) x 2***

***Éagothromas inscní*** **– ionadaíocht chothrom an dá inscne ag an tríú leibhéal, téacsleabhair gan a bheith chomh steiréitipiciúil ó thaobh inscne; ábhair a bheith ar fáil agus rogha ábhair nasctha le scoil (aonghnéas nó comhoideachas); difríochtaí sna leibhéil ghnóthachtála – leibhéal níos airde gnóthachtála ag cailíní, béim na scoileanna – scoileanna aonghnéasacha do chailíní in aghaidh scoileanna aonghnéasacha do bhuachaillí etc.**

***Luathfhágálaithe scoile*** **– tá sé níos dóchúla go mbeidís dífhostaithe agus go mbraithfidís an t-eisiamh sóisialta; tá cláir ann chun cuidiú le luathfhágálaithe scoile filleadh ar an oideachas e.g. tá "clár críochnaithe scoile" ar fáil i scoileanna agus leibhéil ard luathfhágálaithe scoile iontu; clár DEIS, An Bord Náisiúnta um Leas Oideachais – rianaíonn tinreamh; An Scéim Liúntais um Fhilleadh ar Oideachas; Ógtheagmháil; VTOS etc.**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010

# AISTRIÚCHÁN
# AR SCÉIM MHARCÁLA

## EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

## SCRÚDÚ PRAITICIÚIL BIA-OBAIR CHÚRSA

# Critéir Ghinearálta Mharcála don Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia

***Fiosrúchán: Anailís/Taighde - 30 marc***

***Taighde agus anailís*** ***= 20***

***Banda A 16-20 marc (an-mhaith – ar fheabhas)***
*Fiosrúchán*
- *tá fianaise ann go ndearnadh* ***taiscéalaíocht chríochnúil*** *agus* ***anailís chuimsitheach*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc*
- *tá sé cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *baineann sé úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú*

***Banda B 11-15 marc (an-ábalta – go maith)***
*Fiosrúchán*
- *tá fianaise ann go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *agus* ***roinnt anailíse*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *tá sé cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *baineann sé úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú*

***Banda C 6-10 marc (bunúsach – ábalta)***
*Fiosrúchán*
- *tá fianaise ann go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *tá sé réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *baineann sé úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú*

***Banda D 0-5 marc (an-bhunúsach – teoranta)***
*Fiosrúchán I*
- *tá fianaise ann* ***ar thuiscint an-bhunúsach theoranta*** *ar phríomhriachtanais an taisc*
- *tá cuid den eolas nó an t-iomlán de éiginnte agus gan ach cuid de cruinn; tá easpa comhleanúnachais sa chur i láthair*
- *baineann sé úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú*

**Gach Tasc – 2 bhéile dhá chúrsa / 2 mhias / 2 tháirge / biachlár lae** **= 4**

***Mura ndéantar fiosrúchán ar an mias a ullmhaítear -1 / -2 mharc san Fhiosrúchán .***
*(biachlár – cúrsa tosaigh/ milseog = 1 mharc amháin, príomhchúrsa = 1 marc amháin.)*

*béilí / miasa / táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán*

***Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe – glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia***

**Cúiseanna / critéir roghnaithe – (2 × 2 mharc)** **= 4**
*Léiríonn go soiléir na critéir a chinntigh rogha na méise nó an táirge a roghnaíodh chun é a ullmhú.*

**Foinsí** *ar a n-áirítear foinse an oidis* **– 2 × 1 mharc (2 mharc)** **= 2**

## Ullmhúchán agus Pleanáil - 6 mharc

- Acmhainní (comhábhair ar a n-áirítear costáil, trealamh) **= 3**
  - *na príomh-chomhábhair, costas aonaid, an príomhthrealamh a úsáideadh ag brath ar an mias*
  (bíodh coinne le costas ar gach rud seachas Réimse Cleachtais E)
- Roinnt an ama / Ord na hoibre **= 3**
  - Ullmhúchán, ord na dtascanna, measúnú

  *Banda A: 3 mharc – gach príomhchéim sainaitheanta, an t-ord ceart*
  *Banda B: 2 mharc – roinnt príomhchéimeanna sainaitheanta nó an t-ord mícheart*
  *Banda C: 1 mharc – gan ach corr-phríomhchéim sainaitheanta agus an t-ord mícheart*

## Cur i bhFeidhm - 28 marc

- Cur síos gearr ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear ullmhúchán, próisis leis an mbia a ullmhú, am cócaireachta /teocht, riar /cur i láthair, níochán, blaiseadh/measúnú . **= 16**
  *(Ba chóir go mbeadh an t-eolas / an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin)*

  ***Banda A: 13-16 mharc (an-mhaith – ar fheabhas)***
  *Sainaithnítear gach céim riachtanach in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair i bhfocail an iarrthóra féin iad, san ord ceart agus tagairt cheart don phróiseas / do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu chun an bia a ullmhú*

  ***Banda B: 9-12 mharc (an-ábalta– go maith)***
  *Sainaithnítear formhór na gcéimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair san ord ceart iad le tagairt cheart don phróiseas / do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu chun an bia a ullmhú*

  ***Banda C: 5-8 mharc (bunúsach – ábalta )***
  *Sainaithnítear roinnt céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair san ord ceart iad le tagairt cheart don phróiseas / do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu chun an bia a ullmhú*

  ***Banda D: 1-4 mharc (an-bhunúsach– teoranta)***
  *Ní shainaithnítear aon cheann, nó ní shainaithnítear ach roinnt, de na céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair san ord ceart iad le tagairt cheart don phróiseas / do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu chun an bia a ullmhú*

- **Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh** **2 × 4 mharc** **= 8**
  (caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil shainiúil)
  *Sainaithint (2) agus míniú soiléir ar thábhacht (2) dhá chúinse a cuireadh san áireamh a raibh baint chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias*

- **Sábháilteacht /Sláinteachas** **2 × 2 mharc** **= 4**
  **(**caithfidh baint a bheith acu le comhábhair shainiúla atá in úsáid/ leis an mias atá á cócaráil)
  Sainaithint (1) agus míniú soiléir (1) ar phríomh-shaincheist sábháilteachta **amháin agus** ar phríomh-shaincheist sláinteachais **amháin** a cuireadh san áireamh agus an mhias á hullmhú agus á cócaráil / an tástáil á dhéanamh

## Measúnú - 16 mharc

Déan measúnú ar an tasc sna téarmaí seo:

- **Cur i bhFeidhm** **2 × 4 mharc an ceann** **= 8**
  ***Banda A: 4 mharc*** *– shainaithin, agus rinne anailís ar, laigí / láidreachtaí sainiúla agus an tasc á dhéanamh, cuireadh bonn soiléir faoi mhionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní / pleanáil*
  ***Banda B: 3 mharc*** *– shainaithin laigí / láidreachtaí sainiúla agus an tasc á dhéanamh, cuireadh bonn éigin faoi mhionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní / pleanáil*
  ***Banda C: 2 mharc*** *– rinneadh iarracht éigin laigí **nó** láidreachtaí a shainaithint agus an tasc á thabhairt chun críche, níor cuireadh bonn faoi mhionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní / don phleanáil*

- **Sainriachtanais** an taisc **2 × 4 mharc an ceann** **= 8**
  ***Banda A: 4 mharc*** *– baintear tátal eolach as an obair i gcás dhá phríomhriachtanas de chuid an taisc*
  ***Banda B: 3 mharc*** *– baineann tátal teoranta as an obair i gcás dhá phríomhriachtanas de chuid an taisc*
  ***Banda C: 2 mharc*** *– déanann achoimre ar dhá thoradh ar an obair maidir leis an tasc*

**Réimse Cleachtais A – Cur i bhFeidhm Phrionsabal an Chothaithe**

**Tasc 1**

| |
|---|
| ***Tá cúrsaí taighde tar éis an dlúthbhaint idir an tsláinte, an cothú agus an stádas socheacnamaíoch a thabhairt chun suntais. Tá aird tarraingthe ar an gcaoi nach mbíonn cosaint ag dreamanna a mhaireann ar imeall na sochaí in aghaidh an bhiabhochtanais agus cúinsí gaolmhara cosúil mar an droch-chothú agus an murtall.*** <br> Sainaithin agus déan taighde ar na riachtanais chothaithe agus na treoirlínte pleanála béilí is chóir a chur san áireamh nuair a bhítear ag pleanáil béilí le haghaidh teaghlaigh a bhfuil teacht isteach íseal aige. <br> Agus na cúinsí seo á gcur san áireamh, dean fiosrú ar raon de mhiasa príomhchúrsa a bheadh oiriúnach do phríomhbhéile laethúil an teaghlaigh seo. <br> Ullmhaigh, cócaráil agus riar **ceann amháin** de na príomhchúrsaí atá fiosraithe agat. <br> Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** le feidhmiú agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc. |

**Príomhriachtanais an taisc**

- *riachtanais chothaithe/chothaitheacha le tagairt ar leith* ***do theaghlach ar ioncam íseal***
- *treoirlínte ábhartha do phleanáil béile le tagairt ar leith* ***do theaghlach ar ioncam íseal***
- *raon de mhiasa príomhchúrsa*
- *cúiseanna leis an rogha.*

**Fiosrúchán**

**Riachtanais chothaithe / chothaitheacha** – *cothromaíocht chothaitheach, riachtanais laethúla mhacra-/micreachothaitheach ar a n-áirítear riachtanais phróitéine / charbaihiodráite / saille / iarainn / chailciam mar is cuí do riachtanais teaghlaigh ar ioncam íseal agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le héagsúlachtaí, neart snáithín, Vitimín C / ionsú iarainn, Vitimín D / ionsú cailciam, éagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith i riachtanais fuinnimh, treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia, etc.*

**Treoirlínte pleanála do bhéilí** – *úsáid na pirimide bia le cothromaíocht a chinntiú, éagsúlacht bianna, an rud is maith le duine agus an rud nach maith leis, ceist acmhainní le tagairt ar leith do bhianna atá leordhóthanach ó thaobh cothaithe de agus atá réasúnta saor – bianna féinbhranda, tairiscintí speisialta, foinsí bia próitéine níos saoire, e.g. úsáid sínteoirí agus ionadach feola, tairiscintí speisialta, bianna ina séasúr féin, seachain bianna a bhfuil a lán salainn, a lán saille sáithithe agus a lán siúcra iontu, i.e. bianna áise, úsáid modhanna cócaireachta atá tíosach ar fhuinneamh, e.g. micreathonnán, galchorcán, úsáid iomlán oighinn, méid na gcodanna, costas béilí, an t-am atá ar fáil don ullmhú, scileanna, seachain ceannach bianna áise, e.g. arán donn – déanaigí féin é etc.*

**Miasa a roghnaíodh** **– raon mias príomhchúrsa**
**– caithfidh siad a bheith oiriúnach do theaghlach ar ioncam íseal**
**– caithfidh príomhchúrsa a bheith ann.**

**Measúnú (**riachtanais shainiúla an taisc)
*Anailís na dtátal maidir le riachtanais chothaitheacha mias príomhchúrsa do theaghlach ar ioncam íseal.*
*Treoir do phleanáil béilí – raon mias príomhchúrsa atá oiriúnach do theaghlach ar ioncam íseal, an chaoi a dtagann an mhias a roghnaíodh leis na riachtanais a sainaithníodh san fhiosrúchán.*

**Tasc 2**

***Buaileann an oistéapóróis bean amháin as gach triúr in Éirinn atá os cionn caoga bliain d'aois.***
Déan taighde ar an oistéapóróis ó thaobh (**i**) na gcúiseanna atá leis, (**ii**) na n-iarmhairtí a bhíonn aige ar an gcorp agus (**iii**) a bhféadfaí a dhéanamh chun an droch-bhail sin a chosc. Déan fiosrú agus forbairt ar na riachtanais chothaithe agus na tosca ba chóir a chur san áireamh nuair a bhítear ag pleanáil agus ag ullmhú béilí do mhná (atá 50 bliain d'aois nó os a cionn sin).
Agus tú ag tagairt do na tosca atá sonraithe agat sa taighde, dean biachlár a mholadh do **lá amháin** (trí bhéile) a bheadh oiriúnach don dream daoine seo.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar príomhchúrsa phríomhbhéile an lae.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** le feidhmiú agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.

**Príomhriachtanais an taisc**

- *údair na hoistéapóróise*
- *tionchar na hoistéapóróise ar an gcorp*
- *bearta coisctheacha a d'fhéadfadh a bheith ann don riocht seo*
- *riachtanais chothaithe/chothaitheacha do mhná (ata 50 bliain d'aois agus os a cionn)*
- *treoirlínte ábhartha do phleanáil béile*
- *biachlár do lá **amháin** (trí bhéile) agus cúiseanna leis an rogha menu.*

**Fiosrúchán**

***Údair na hoistéapóróise –*** *meáchan íseal coirp nó cúlra neamhord itheacháin mar anaireicse nó búilime, iontógáil íseal cailciam/fosfair/vitimín D, éadulaingt do tháirgí déiríochta, easpa aclaíochta rialta, neamhghluaiseacht fhadtéarmach nó barraíocht aclaíochta, an iomarca ólacháin, caitheamh tobac, an iomarca caiféine agus snáithín, stair an teaghlaigh, strus síceolaíoch, úsáid fhadtéarmach na dtáibléad cortacaistéaróideach (cógas don asma), sos míostraithe nó histireachtóime luath, os cionn 16 bliana d'aois roimh an chéad fhuil mhíosta, easpa míostraithe ar feadh breis agus 6 mhí agus gan a bheith torrach, leibhéil ísle téististéaróin sna fir, ag dul in aois, struchtúr na gcnámh a bheith beag – meáchan íseal coirp, riochtaí sláinte, e.g. galar Crohn agus Céiliach, neamhoird inchríneacha, úsáid fhadtéarmach cógas áirithe, etc.*
***Tionchar na hoistéapóróise ar an gcorp*** *– na cnámha a bheith ag briseadh, cailleadh airde, cuaire nó cruinniú an dromlaigh de bharr easpa tiúis a thugann ar vertebrae éirí comhbhrúite, pian droma agus cailleadh airde, gluaiseacht shrianta, cnámha briosca, ídiú cnámh etc.*
***Bearta coisctheacha a d'fhéadfadh a bheith ann –*** *iontógáil cailciam a mhéadú go dtí idir 1,000 mg agus 1,200 mg trí 5 chuid de tháirgí déiríochta a ithe gach lá, iontógáil vitimín D a mhéadú, cleachtadh fisiceach a dhéanamh ar feadh 30 nóiméad in aghaidh an lae, e.g. cleachtadh seasamh meáchain i.e. siúl bríomhar, bogshodar, rith etc., scanadh Dexa a bheith agat chun dlús cnáimhe a dhiagnóisiú, seachain caitheamh tobac, gan an iomarca alcóil, tae agus caiféine a ól, seachain deochanna súilíneacha etc.*
***Riachtanais chothaithe / chothaitheacha*** *– cothromaíocht chothaitheach, riachtanais laethúla mhacra /micreachothaitheach ar a n-áirítear riachtanais phróitéine / carbaihiodráite / saille / iarainn / cailciam mar is cuí, snáithín ard, Vitimín C / ionsú iarainn, Vitimín D / ionsú cailciam, iontógáil fosfair a mhéadú, treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia a leanúint etc.*
***Treoirlínte pleanála do bhéilí –*** *úsáid na pirimide bia chun cothromaíocht a chinntiú, ith raon leathan torthaí agus glasraí, seachain léagúim agus gránaigh a bhfuil fíotáití agus/nó ocsaláití iontu mar go gcuireann siad bac ar ionsú cailciam, cuir cailciam breise isteach leis an bhfadhb seo a sheachaint, seachain deochanna caiféine mar go gcuireann caiféin le cailliúint cailciam, roghnaigh deochanna gan chaiféin, seachain bianna a bhfuil go leor salainn agus siúcra iontu, i.e. bianna próiseáilte, roghnaigh táirgí beagmhéathrais le saillte il-neamhsháithithe toisc go gcuireann saillte neamhsháithithe bac ar ionsú cailciam, seachain bianna carbaihiodráite mínphróiseáilte, agus cuir táirgí caiscín ina n-áit, ith 5 chuid de tháirgí déiríochta gach lá, ba chóir do veigeáin ionadach bainne a úsáid atá treisithe le cailciam etc.*

**Miasa a roghnaíodh** – **biachlár do lá amháin (trí bhéile)**
**– caithfidh siad teacht leis na riachtanais chothaitheacha a shainaithnítear chun oistéapóróis a chosc**
**– caithfidh príomhchúrsa a bheith ann**

**Measúnú** (riachtanais shainiúla an taisc )
*Anailís ar na torthaí a fuair tú faoinar fhoghlaim tú ón bhfiosrúchán maidir le bainistiú aiste bia do mhná 50 bliain d'aois agus os a cionn, na fachtóirí ba chóir a chur san áireamh agus béilí a bpleanáil do mhná 50 bliain d'aois agus os a cionn chun an oistéapóróis a chosc, agus le leordhóthanacht chothaitheach a chinntiú, cad iad na bianna atá oiriúnach nó neamhoiriúnach, cad iad na gnéithe faoi leith de phleanáil béilí a chaitear a chur san áireamh etc. conas a chomhlíonann na béilí a roghnaítear na riachtanais a sainaithníodh san fhiosrúchán.*

**Réimse Cleachtais B – Ullmhúchán Bia agus Próisis Chócaireachta**
**Tasc 3**

***Tá méadú tagtha ar rogha na n-arán giosta atá ar fáil do thomhaltóirí le blianta beaga anuas.***
Déan taighde **(i)** ar na saghsanna giosta a bhfuil fáil orthu **(ii)** ar bhunphrionsabal an ghiosta mar ghníomhaí ardúcháin agus **(iii)** ar an úsáid a bhaintear as giosta sa chócaireacht. Déan fiosrú agus forbairt ar na príomhphointí is cóir a chur san áireamh chun a chinntiú go mbeidh toradh fónta ar an obair nuair a úsáidtear giosta sa bhácáil.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar **ceann amháin** de na táirgí atá fiosraithe agat.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca (**a**) le feidhmiú (**b**) leis na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le táirgí giosta a dhéanamh sa bhaile agus (**c**) leis an gcostas i gcomparáid le táirge tráchtála den chineál céanna.

**Príomhriachtanais an taisc**
- *taighde ar na cineálacha giosta atá ar fáil*
- *bunphrionsabal giosta mar ghníomhaí ardúcháin*
- *úsáid an ghiosta sa chócaireacht*
- *na príomhphointí is cóir a chur san áireamh chun a dheimhniú go n-éireoidh le duine agus giosta á úsáid sa bhácáil*
- *an táirge a roghnaíodh agus na cúiseanna leis an rogha.*

**Fiosrúchán**
**Na cineálacha giosta atá ar fáil:**
**Giosta úr / Giosta cáca** – *ar dhath an uachtair/béasa, comhbhrúite agus beagán gránphlúir ann chun cuidiú leis fanacht tirim, boladh leanna air, teann ach briosc, seasann 2-3 sheachtain sa chuisneoir, caithfear é a mheascadh le lacht agus ba chóir dó eirí cúrach sula gcuirtear leis an bplúr é, 15g giosta úr in aghaidh 450g plúr etc.*
**Giosta tirim** – *ar fáil i saicíní réamhphacáilte, réamhthomhaiste, gráinní scothdhonna, baintear an chuid is mó den uisce as cealla an ghiosta sa phróiseas triomaithe, seasann suas le 6 mhí, níos comhdhlúite ná giosta úr: 7g triomaithe = 15g giosta úr, is giosta gníomhach díhiodráitithe é a dteastaíonn bia, fliuchras agus teas uaidh sula gcuirtear le plúr é, cuirtear le huisce te agus beagán siúcra ann, cuma chúrach air etc.*
**Giosta tirim mearghnímh** – *an fhoirm is mó a bhfuil tóir air, meascán de ghiosta tirim agus feabhsaitheoirí mar vitimín C a chuidíonn leis an bpróiseas coipthe a dheifriú agus leis an am éiritheach a laghdú, cuirtear díreach leis na comhábhair thirime é, ní theastaíonn ach ardú amháin uaidh, 7g go 450g plúr etc.*
**Tosaitheoir taois ghéir** – *meascán de ghiosta, plúr agus uisce, fungais ghiosta a choinnítear beo i meán leachtach ar a dtugtar tosaitheoir, ceadaítear dó coipeadh, cuirtear le taos é de réir mar a theastaíonn, coinnítear sa chuisneoir é, tugann sé a bhlas ar leith d'arán taois ghéir etc.*

**Bunphrionsabal giosta mar ghníomhaí éiritheach:**
**Coipeadh** – *próiseas trína mbriseann giosta síos siúcra go ndéantar $CO_2$ agus alcól, tiontaíonn an einsím diastáis i bplúr stáirse ina mhaltós, tiontaíonn an einsím maltáis i ngiosta maltós ina ghlúcós, tiontaíonn an einsím inbhéartáis i ngiosta siúcrós ina ghlúcós agus ina fhruchtós, tiontaíonn an einsím síomáis i ngiosta glúcós agus fruchtós ina $CO_2$ agus ina alcól, aibíonn glútan agus éiríonn sé soshínte agus lingeach etc.*
**Ardú** – *leathnaíonn $CO_2$ agus éiríonn ag brú an taois in airde, maraíonn teas ard an oighinn an giosta agus stopann an próiseas ardaithe, galaíonn alcól, téachtann glútan, laghdaítear an teocht 190°C chun an táirge a chócaráil etc.*
**Úsáid an ghiosta sa chócaireachta:**
*Aráin /rollóga – milse & neamh-mhilse, borróga, cácaí, milseoga, déanamh fíona/ leanna, fínéagar, Bovril/marmite, etc.*
**Príomhphointí is cóir a chur san áireamh chun a dheimhniú go n-éireoidh le duine agus giosta á úsáid sa bhácáil:**
*Úsáid plúr láidir mar go gcaithfidh an t-ábhar glútain a bheith ard, uisce an leacht is oiriúnaí, tugann bainne crústa níos boige agus uigeacht níos dlúithe, úsáid an chomhréir cheart comhábhar – giosta go plúr, cuireann siúcra bia ar fáil, féadfaidh salann fás an ghiosta a mhoilliú agus féadfaidh an iomarca an giosta a mharú, i gcás go n-úsáidtear a lán saille in oideas, e.g. borróga Chelsea, is cóir beagán giosta sa bhreis a úsáid, sáinníonn uibheacha (saill iontu freisin) aer i gcumasc agus cuidíonn chun táirge níos éadroime a chur ar fáil, dá fhad is féidir an taos a fhágáil ag ardú is ea is lú giosta a theastóidh ag an tús, cuireann vitimín C le luas an choipthe agus laghdaíonn am ardaithe aon trian, tá fuineadh riachtanach chun an glútan sa phlúr a fhorbairt agus a shíneadh, rud a chuidíonn leis an taos ardú, caithfidh gach arán giosta ardú uair amháin ar a laghad roimh an mbácáil le go dtarlóidh coipeadh, is fearr a oibríonn giosta ag teocht te thart ar 20 – 27°C mar sin is é is fearr an taos agus na comhábhair a choinneáil te le linn a dhéanta agus a ardaithe, scriostar giosta ag teocht os cionn 55°C, briseann an gearradh siar go dtí an méid bunaidh bolgóidí móra $CO_2$ síos ina mbolgóidí níos lú agus níos cothroime, múnlú taois, á choipeadh in áit the lena mhéid a dhúbailt, clúdaigh le polaitéin smeartha agus é ag ardú, maraíonn teocht oighinn 220°C an giosta etc.*
**Miasa a roghnaítear – is cóir gur táirge giosta ón taighde a bheidh ann**
**Measúnú** (mar a shonraítear sa tasc) – *buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le táirgí giosta a dhéanamh sa bhaile – costas i gcomparáid le táirge tráchtála atá cosúil leis, etc.*

## Réimse Cleachtais C: Teicneolaíocht an Bhia - Tasc 4

***Is é mionra an líonadh traidisiúnta a úsáidtear le haghaidh pióga mionra a mbíonn éileamh orthu um Nollaig. Déantar mionra as teaglaim comhábhar a chaomhnaítear nuair a chuirtear le chéile iad le torthaí tirime gan chócaráil, siúcra, alcól etc.***
Déan taighde ar an raon mionra atá ar fáil ar bhonn tráchtála.
Déan fiosrú **(i)** ar raon na gcomhábhar a úsáidtear chun mionra a dhéanamh agus **(ii)** ar na modhanna éagsúla chun mionra a dhéanamh sa bhaile. Mínigh na prionsabail atá i gceist i ndéanamh an táirge seo.
Roghnaigh oideas **amháin** le haghaidh mionra, ullmhaigh agus déan an táirge seo, agus cuir i bpota é chun go mbeadh sé oiriúnach mar bhronntanas Nollag. Bíodh sonraí faoin gcur sa phota, faoin lipéadú agus faoin gcur i láthair san áireamh.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** le feidhmiú agus **(b)** leis an bpraiticiúlacht a bhaineann le mionra a dhéanamh sa bhaile agus **(c)** leis an gcostas i gcomparáid le táirge tráchtála den chineál céanna.

**Príomhriachtanais an taisc**
- *taighde ar an raon mionra tráchtála atá ar fáil*
- *fiosrú ar raon na gcomhábhar a úsáidtear i ndéanamh mionra*
- *modhanna difriúla déanamh mionra baile a fhiosrú*
- *bunphrionsabal déanamh mionra a mhíniú*
- *coimeádáin stórála agus lipéadú (do mhionra baile)*

**Fiosrúchán**
**Taighde ar an raon mionra tráchtála atá ar fáil** *e.g. Chivers, Robertsons, Tesco, Aldi, Marks & Spencer, Tiptree agus táirgí a díoltar ag Margaí Feirmeoirí etc.*
**D'fhéadfaí a áireamh sa taighde** sainmhíniú ar 'mionra', brandaí, cainníocht/meáchan in aghaidh an chrúsca, comhábhair, luach cothaitheach, pacáistiú/coimeádáin, lipéadú, seilfré, costas etc.
**Déan fiosrú ar raon na gcomhábhar a úsáidtear i ndéanamh mionra**
*Torthaí triomaithe – rísíní, cuiríní, sabhdánaigh, torthaí criostalaithe – craicne criostalaithe, silíní etc.*
*Spíosraí – clóibh, noitmig, maicis & cainéal etc. Cnónna – almóinní & gallchnónna; Siúcra – donn nó bán,*
*Torthaí – úll grátáilte, aibreoga, prúnaí, torthaí citris – oráistí & líomóidí, mónóga etc.*
*Saill – geir ainmhí, im, geir ghlasraí etc.*
*Alcól - branda, rum, seiris etc. Nithe ilghnéitheacha eile – grabhróga aráin etc.*
**Déan fiosrú ar mhodhanna difriúla déanamh mionra baile**
**Amh / go léir le chéile –** *ullmhaítear na torthaí, measctar iad le geir, siúcra, spíosraí agus alcól etc iad., clúdaítear é agus fágtar thar oíche /2-3 lá é le go bhforbródh na blasanna, é a chur i bpotaí etc.*
**Modh an leá –** *ullmhaítear na torthaí, measctar iad leis an im leáite, siúcra, spíosraí agus alcól, clúdaítear é agus fágtar thar oíche é le go bhforbródh na blasanna, cuirtear i bpotaí é etc.*
**Cócaráilte – modh bruite / oighinn –** *measctar na comhábhair le chéile, fágtar thar oíche iad le go bhforbródh blasanna, cuirtear in oigheann réamh-théite 120°C iad ar feadh 3 uair a chloig nó is féidir iad a chur in oigheann mall thar oíche ag 100°C, ligtear dóibh fuarú sula gcuirtear alcól leo, cuirtear i bpotaí nó reoitear iad, féadtar iad a stóráil ar feadh suas le 3 mhí etc.*
**Leathchócaráilte –** *torthaí úra e.g. úlla stofa nó bácáilte, brúite agus curtha leis an gcuid eile de na comhábhair, cuirtear i bpotaí iad etc.*
**Bunphrionsabal**
*<u>Cuirtear bac ar fhás miocrorgánach trí alcól agus sú líomóide a chur leo, rud a íslíonn an ph agus a choisceann fás,</u> agus siúcra curtha leo táirgtear tuaslagán dlúth, tarraingíonn an tuaslagán seo a thimpeallaíonn na miocrorgánaigh, uisce ó na cealla trí osmóis mar go bhfuil an tuaslagán siúcra níos tiubhaithe ná an cíteaplasma sa chill mhiocróbach, tugann sé ar an gcill éirí díhiodráitithe agus neamhghníomhach, maraítear miocrorgánaigh nuair a chócaráiltear bianna ag teocht ard 100°C, déantar einsímí a dhínádúrú nó a dhíghníomhú le teocht ard agus le timpeallacht aigéadach láidir, le linn cócaireachta san oigheann déantar geir a rindreáil go geir leachtach a chumhdaíonn na torthaí agus a shéalaíonn na súnna agus é ag téachtadh nuair a fhuaraítear é, maraíonn <u>steiriliú crúscaí</u> ag 180°C ar feadh 5–10 nóim. <u>miocrorgánaigh</u>, an mionra clúdaithe le diosca céarach agus claibín air chun ath-iontráil miocrorgánach a chosc, mionra reoite – uisce tiontaithe ina chriostail oighir, gan aon taise ar fáil d'fhás miocróbach, díghníomhaíonn teocht íseal baictéir, moillíonn gníomhú einsímí etc.*
**Caithfidh mionsonraí an bhunphrionsabail a bheith san áireamh sa mhodh déanta mionra.**

**Pacáistiú agus lipéadú oiriúnach do mhionra baile** *e.g. crúscaí gloine, coimeádáin phlaisteacha, clúdaigh phlaisteacha, clúdaigh pháir, claibíní neamh-mhiotalacha, clúdaigh scannán cumhdaithe, lipéid a ghreamaíonn etc.*
***Mura ndéantar an pacáistiú a fhiosrú – 3 marks***

**Miasa a roghnaíodh – an cineál mionra.**
**Measúnú (**mar a shainítear sa tasc) – *praiticiúlacht mionra a dhéanamh sa mbaile e.g. saincheisteanna acmhainne – an costas i gcomparáid le táirge tráchtála ata cosúil leis etc.*

## Réimse Cleachtais D – Miasa a léiríonn Airíonna Bia

### Tasc 5

***Tá mórán úsáidí éagsúla is féidir a bhaint as saillte agus as olaí i gcúrsaí cócaireachta, de thoradh na n-airíonna atá iontu, nuair a úsáidtear iad in ullmhúchán bia.***
Déan taighde ar airíonna saillte agus olaí agus ar na húsáidí a bhaintear astu i gcúrsaí cócaireachta, agus mínigh an prionsabal atá i gceist i ngach cás. Sainaithin miasa a léiríonn úsáid gach airí a shainaithnítear. Ullmhaigh, déan agus riar **ceann amháin** de na miasa atá fiosraithe agat.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** le feidhmiú agus **(b)** leis an gcaoi ar éirigh le feidhmiú an airí a roghnaíodh agus an mhias á déanamh agat.

**Príomhriachtanais an taisc**

- *taighde a dhéanamh ar na hairíonna agus ar úsáidí cócaireachta gaolmhara saillte agus olaí*
- *mínigh an prionsabal atá i gceist i ngach cás*
- *miasa a léiríonn úsáid gach airí*
- *an mhias a roghnaíodh agus údar an roghnaithe sin.*

**Airíonna agus úsáidí cócaireachta saillte agus olaí:**

**Eibliú:** *nuair a thugtar ar dhá leacht meascadh nach gnách leo é sin a dhéanamh e.g. ola in uisce nó uisce in ola, foirmítear eibleacht, sealadach nó buan etc.*
*Is féidir* **eibleacht shealadach** *a dhéanamh trí mheascán a chroitheadh go bríomhar, e.g. blastán Francach a úsáidtear i ndéanamh sailéad prátaí – scarfar an dá phríomh-chomhábhar má fhágtar ina seasamh iad ar feadh tréimhse ama etc.*
*Is féidir* **eibleacht bhuan** *a fhoirmiú trí eiblitheoir a chur leis e.g. leicitin, ceanglaíonn an ruball hidreafóbach é féin leis an móilín lipide, ceanglaíonn an cloigeann hidreafóbach é féin leis an móilín uisce, foirmíonn sraith thart ar na braonáin scaipthe agus coisceann iad ó scaradh amach, úsáidtear é i maonáis ar féidir í a úsáid le haghaidh ubh faoi mhaonáis, manglam cloicheán etc. sailéid nó milseoga - uachtar reoite etc.*
**Somhúnlaitheacht:** *cuireann sé seo ar chumas saillte a gcruth a athrú nuair a chuirtear brú leo ach fanann sa chruth sin nuair a bhaintear an brú, eascraíonn somhúnlaitheacht saillte de bharr na meascán de thríghlicrídí agus a pointe leáite féin ag gach tríghlicríd, ag teocht tugtha beidh cuid den tsaill ina leacht agus beidh cuid de soladach, foirmeoidh meascán de thríghlicrídí le raon leathan pointí leáite, geir le raon leathan somhúnlaitheachta, e.g. margairín, tá saillte áirithe foirmlithe sa chaoi go bhfuil a bpointí leáite íseal agus gur féidir iad a leathadh díreach ón gcuisneoir, cuireann sé ar chumas an mheascáin a bheith éadrom agus cúránach e.g. coipeadh, mar a tharlaíonn i ndéanamh cácaí - cáca maidéarach, brioscaí le sliseanna seacláide, cáca féileacáin nó é a úsáid mar leathán etc.*
**Brioscóir:** *braitheann taosrán e.g. crústa briosc, brioscaí agus arán briosc, go léir ar shaillte le huigeacht shainiúil bhriosc ghrabhrógach a thabhairt dóibh, cumhdaíonn an tsaill na cáithníní plúir, coisceann ionsú taise agus coisceann foirmiú glútain/ foirmiú snáithíní fada glútain a thugann uigeacht bhriosc ghrabhrógach don táirge etc.*
**Tionchar teasa**
**Leáphointe:** *de bhrí gur meascán de thríghlicrídí iad saillte leánn siad thar raon teochtaí, leáfaidh saillte soladacha idir 30 - 40°C, úsáidtear iad i gcácaí e.g. éadromóga, arán sinséir etc.*
**Toitphointe***: tá toitphointe ard ag roinnt olaí (gránola, ola lus na gréine) agus geireacha (blonag, geir) agus tá siad oiriúnach mar sin don fhriochadh agus is féidir iad a úsáid ag teochtaí suas go dtí* $250^0$ *C. Séalaíonn an teocht ard dromchla an bhia – coisceann sé an bia ó ionsú ola/saille, séalaíonn isteach súnna etc. Níl saillte le toitphointe níos ísle (im) oiriúnach don fhriochadh ag teocht ard mar go ndianscaoileann sé etc.*
**Splancphointe:** *nuair a théitear saill nó ola go dtí teocht an-ard (310-*$325^0$ *C) tugtar gal uathu a úsáidtear nuair a lastar é, le bianna a ruadhó e.g. stéig*

**Féadtar a áireamh ar na hairíonna freisin:** *aerú, caomhnú agus frith-stálú, ionsú blais, hidriginiú etc.*

**Prionsabal gach airí**

**Miasa / úsáidí cócaireachta a léiríonn úsáid gach airí**

**Miasa a roghnaíodh – caithfidh siad airí saillte agus olaí a léiriú.**

**Measúnú** (mar a shonraítear sa tasc)
*Cé chomh maith agus a d'éirigh leis an iarrthóir an t-airí roghnaithe a chur i bhfeidhm in ullmhú/cócaireacht na méise roghnaithe.*

**Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach ar a n-airítear Anailís Chéadfach**

**Tasc 6**

| |
|---|
| ***Bíonn an-éileamh ag daoine óga ar dheochanna boga monaraithe.***<br>Déan taighde ar dheochanna boga is féidir a cheannach agus a mbíonn éileamh ag déagóirí orthu. Bíodh tagairt do bhrandaí, do bhlasanna, do chostas, do thoirteanna, do phacáistiú etc. san áireamh agat.<br>Agus tú ag baint úsáide as **dhá** bhranda éagsúla de dheochanna bog a mbíonn an blas céanna orthu, déan *tástáil éagsúlachta* de do rogha féin le fail amach an féidir le tástálaithe idirdhealú a dhéanamh idir na brandaí.<br>Cuir i láthair na torthaí a fuair tú ón tástáil.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** le feidhmiú agus **(b)** leis na torthaí tástála a fuair tú (i.e. anailís ar na tosca a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn leis na torthaí tástála a fuair tú). |

**Príomhriachtanais an taisc**

- *Na bianna a bheadh oiriúnach don tasc a fhiosrú – cineálacha éagsúla* ***deochanna boga atá ar fáil ar bhonn tráchtála*** *– brandaí, blasanna, praghas, méideanna agus pacáistiú etc.*
- *Bianna roghnaithe agus critéir roghnaithe*
- *Fiosrú, tuairisciú agus torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar* ***thástáil éagsúlachta*** *agus úsáid á baint as dhá bhranda éagsúla deochanna boga*
- *coinníollacha le rialú le linn tástála*

**Fiosrúchán**

- **Taighde / Fiosrúchán ar tháirgí atá oiriúnach don tasc**
  Fiosraigh na cineálacha éagsúla de **dheochanna boga atá ar fáil** ar bhonn tráchtála agus tagairt do bhrandaí, blasanna, praghas, méideanna agus pacáistiú. **= 20**
- **Tástálacha Éagsúlachta**

**Tástáil Triantáin –** ***Cur síos:*** *tugtar 3 shampla chódaithe don tástálaí, tá dhá shampla mar an gcéanna, tá ceann amháin éagsúil, iarrtar ar an tástálaí an sampla atá éagsúil a aithint etc.*

**Tástáil Éagsúlachta Comparáid Phéirithe Shimplí –** ***Cur síos:*** *tugtar dhá shampla chódaithe don tástálaí, iarrtar ar an tástálaí a rá an bhfuil difríocht idir na samplaí etc.*

**Tástáil Dó-Trí –** ***Cur síos:*** *tugtar trí shampla don tástálaí, tá dhá shampla códaithe agus aithnítear ceann amháin mar an tagairt, iarrtar ar an tástálaí an sampla atá éagsúil leis an tagairt a aithint etc.*

***Cuspóir na dtástálacha:*** *an sampla atá éagsúil a aithint*
***Torthaí féideartha na dtástálacha****: is féidir/ní féidir leis na tástálaithe an sampla atá éagsúil a aimsiú*

**Sainaithint na coinníollacha atá le rialú le linn na tástála**

*Coinníollacha a bhaineann go sainiúil leis an tasc, e.g. méid, cruth agus dath na gcoimeádán á úsáidtear don tástáil, cainníochtaí mar a chéile i ngach sampla, teocht samplaí, códú samplaí, sláinteachas, amáil, coinníollacha cothaithe etc.*

- **An mhias roghnaithe agus na critéir roghnaithe**

***Roghnaigh dhá chineál deochanna boga,*** *an blas céanna, ach brandaí éagsúla* **(2 chineál @ 2 mharc) = 4**
*Luaigh cúiseanna leis an rogha.* **(2 chúis @ 2 mharc an ceann) = 4**

**Foinsí –** ***2 x 1 marc (2 mharc)*** **= 2**

**Ullmhúchán agus Pleanáil**

- **Acmhainní = 3**
- **An príomhthrealamh a theastaíonn leis an tasc a dhéanamh**

**(tá na tástálacha bunaithe ar 6 tástálaithe)**

**Tástáil Triantáin** – *6 thráidire, 6 ghloine uisce, 18 gcoimeádán códaithe do dheochanna boga, 9 sampla de dheoch bhog A, 9 sampla de dheoch bhog B, 6 chárta scórála, bileoga taifid etc.*

**Tástáil Éagsúlachta Comparáid Phéirithe Shimplí –** *6 thráidire, 6 ghloine uisce, 12 choimeádán chódaithe do dheochanna boga, 6 shampla de dheoch bhog A, 6 shampla de dheoch bhog B, 6 chárta scórála, bileoga taifid etc.*
**Tástáil Dó-Trí –** *6 thráidire, 6 ghloine uisce, 18 gcoimeádán códaithe do dheochanna boga, 12 shampla de dheoch bhog A, 6 shampla de dheoch bhog B, 6 chárta scórála, bileoga taifid etc. .*

**Ord na hoibre** **=3**

Tástáil triantáin**:** ***códaigh na coimeádáin, leag amach na tráidirí, cuir na deochanna boga sna coimeádáin – cuir i láthair cothromaithe, déan an tástáil, déan na torthaí a ríomh, nocht na cóid, cuir na torthaí i láthair agus déan measúnú orthu, cuir slacht ar an áit agus déan níochán, etc***
**Tástáil Éagsúlachta Comparáid Phéirithe Shimplí:** *códaigh na coimeádáin, leag amach na tráidirí, cuir na deochanna boga sna coimeádáin in ord randamach, déan an tástáil, bailigh an cárta scórála, aistrigh na torthaí go dtí an bhileog taifid ullmhaithe, nocht na cóid, cuir i láthair agus déan measúnú ar na torthaí, cuir slacht ar an áit agus déan níochán etc.*
**Tástáil Dó-Trí***: códaigh na coimeádáin, leag amach na tráidirí, cuir na deochanna boga sna coimeádáin in ord randamach, déan an tástáil, bailigh an cárta scórála, aistrigh na torthaí go dtí an bhileog taifid ullmhaithe, nocht na cóid, cuir i láthair agus déan measúnú ar na torthaí, cuir slacht ar an áit agus déan níochán etc.*

**Cur i bhfeidhm** **= 16**

**An modh oibre a chleachtar agus an ghné seo den tasc á déanamh**
***Ba chóir seicheamh iomlán an chur i bhfeidhm a thabhairt agus ba chóir torthaí na tástála a chur i láthair i.e.***

**Tástáil Triantáin**
*Déan códú ar 18 gcoimeádán, 6 choimeádán leis an tsiombail □, 6 choimeádán leis an tsiombail ∆, 6 choimeádán leis an tsiombail O, cuir samplaí de dheochanna boga i ngach coimeádán, leag amach 6 thráidire uimhrithe ó 1-6, coimeádán amháin agus lipéad leis an tsiombail □ air, coimeádán amháin leis an tsiombail ∆, coimeádán amháin leis an tsiombail O, caithfidh ord cothromaithe cur i láthair a bheith ann i.e. caithfear gach comhdhéanamh samplaí a chur i láthair, tairgtear gach deoch bog líon cothrom uaireanta i.e. 9 n-uaire, tugtar na samplaí in ord randamach agus ní thugtar samplaí d'aon dhá tástálaí sa seicheamh céanna, fanann na cóid ar gach tráidire mar an gcéanna, athraíonn an deoch bhog sa choimeádán gach uair, leanann tástálaithe treoracha ar na cártaí scórála agus cuireann ciorcal ar an gcárta scórála ar an gceann de na trí shampla (tá péire acu seo mar an gcéanna) atá éagsúil, is féidir atástáil a dhéanamh ar shamplaí, bailíonn an cláraitheoir na cártaí scórála agus aistrítear na torthaí go dtí an bhileog taifid ullmhaithe, agus torthaí á dtaifeadadh cuirtear ciorcal thart ar an litir a fhreagraíonn don tsiombail a roghnaíodh ar an gcárta scórála agus cuirtear tic sa cholún cuí, déantar na freagraí cearta a chomhaireamh, nochtar na cóid agus cuirtear na torthaí i láthair, is féidir torthaí a chur i láthair ar bharrachairt nó ar phíchairt etc.*

**Tástáil Éagsúlachta Comparáid Phéirithe Shimplí**
*Déan códú ar 12 choimeádán, 6 choimeádán leis an tsiombail □, 6 choimeádán leis an tsiombail O, cuir samplaí de dheochanna boga i ngach coimeádán, leag amach 6 thráidire uimhrithe ó 1-6, coimeádán amháin ar gach tráidire le lipéad leis an tsiombail □, coimeádán amháin leis an tsiombail O, cuirtear na samplaí in ord randamach ar gach tráidire, déantar gach deoch bhog a thairiscint líon cothrom uaireanta i.e. 6 huaire, agus ní thugtar samplaí d'aon tástálaí sa seicheamh céanna, is féidir leis na samplaí ar an tráidire a bheith mar an gcéanna nó éagsúil, fanann na cóid ar gach tráidire mar an gcéanna, leanann tástálaithe treoracha ar chártaí scórála, cuireann ciorcal ar an gcárta scórála más féidir leo éagsúlacht a aimsiú, bailíonn an cláraitheoir na cártaí scórála agus aistrítear na torthaí ar bhileog taifid ullmhaithe, agus torthaí á dtaifeadadh aistrigh torthaí trína léiriú ar fhreagair na tástálaithe 'is ea' nó 'ní hea', cuir tic ar na freagraí cearta, nochtar cóid agus cuirtear torthaí i láthair, is féidir torthaí a chur i láthair ar bharrachairt nó ar phíchairt etc.*

**Tástáil Dó-Trí***: roghnaigh daoine éagsúla le 18 gcoimeádán a chódú, 6 cinn leis an tsiombail R (bia tagartha), 6 cinn leis an tsiombail O, 6 cinn leis an tsiombail □, leag amach na tráidirí uimhrithe ó 1-6, cuir samplaí de dheochanna boga sna coimeádáin, cuir coimeádáin le siombailí éagsúla ar gach tráidire, cur na samplaí in ord randamach ar gach tráidire, fanann na cóid mar an gcéanna ar gach tráidire, athraíonn na deochanna boga sna coimeádáin, is bia tagartha é an coimeádán do dheochanna boga atá codaithe le R, is é an bia in O & □ amháin a athraíonn, cuir lipéad ar an gcárta scórála a shonraíonn an t-ord tástála i.e. ag tosú ón taobh chlé, déan sampla R a bhlaiseadh agus dhá shampla chódaithe san ord tugtha ina dhiaidh sin, cuir ciorcal thart ar an gceann atá éagsúil ó R, is féidir le tástálaithe atástáil a dhéanamh ar shamplaí, bailítear na cártaí scórála ó gach tástálaí, nochtar na cóid, aistrítear na torthaí go dtí bileog taifid ullmhaithe, cuir slacht ar an áit agus déan níochán etc.*

- **Príomhchúinsí a cuireadh san áireamh (aon 2 cheann @ 4 mharc an ceann) = 8**

*Ar na príomhchúinsí is féidir a chur san áireamh chun go mbeidh an tasc seo rathúil áirítear – na coinníollacha a rialaíodh le linn na tástála … códú, an rogha deochanna boga a úsáideadh, teocht shamplach, comhionannas na samplaí le haghaidh tástála, méideanna leordhóthanacha, gloine uisce/nó craicear tirim curtha ar fáil leis an gcarball a ghlanadh, 6 tástálaithe a bheith ann chun a chinntiú gur tairgeadh gach comhdhéanamh is féidir de na samplaí (tástáil an triantáin) cur i láthair samplaí in ord randamach sa chaoi nach gcuirtear samplaí sa seicheamh céanna os comhair aon dhá tástálaí, cur i láthair cothromaithe – gach bia á thairiscint an méid céanna uaireanta – 9 n-uaire, an cód céanna i gcónaí ar gach tráidire, athraithe ar an deoch bog sa choimeádán, níor chóir do na cóid aon chlaontacht a chothú i measc tástálaithe, níor chóir go mbeadh aon bhaint ag na daoine ata páirteach sa tástáil i gcódú agus i leagan amach samplaí nó i gcomhordú torthaí, tábhacht an chiúnais le linn tástála etc.*

***(ní mór do na príomhchúinsí tagairt don tástáil a rinneadh go hiarbhír)***

- **Sábháilteacht agus sláinteachas (pointe sábháilteachta amháin @ 2 mharc + pointe sláinteachais amháin @ 2 mharc) = 4**

***Sábháilteacht**: tástálaithe a bhfuil ailléirgí acu – deochanna boga le breiseáin/e-uimhreacha, aistí bia speisialta, e.g. diaibéiteach etc.*
*Dea-chleachtas **sláinteachais** maidir le: láthair an ullmhúcháin agus láthair na tástála, láimhseáil samplaí – lámhainní plaisteacha in úsáid / gloiní aon uaire etc.*

**Measúnú**

- **Cur i bhFeidhm (2 phointe × 4 marc an ceann) = 8**

*Na modhanna tástála a úsáideadh*
*Príomhchúinsí agus an tástáil á déanamh*
*Ceisteanna sábháilteachta agus sláinteachais a breithníodh*
*Fadhbanna a tháinig aníos agus moltaí lena réiteach*

- **Sainriachtanais an taisc (1 phointe × 8 marc) = 8**

***Na torthaí tástála a fuarthas** (i.e. anailís ar na cúinsí a bhféadfadh baint a bheith acu leis na torthaí tástála a fuarthas. Féadfaidh mic léinn cúiseanna a thabhairt faoi cén fáth a bhféadfadh/nach bhféadfadh na tástálaithe an sampla éagsúil a aithint etc.*

**Banda A = 8 marc**
**Banda B = 6 mharc**
**Banda C = 4 mharc**

## *Aguisín 1*
## *Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna.*

1. Riachtanais an scrúdaithe:
   Ní mór d'iarrthóirí taifead a dhéanamh ar **chúig** thasc agus iad a chur i láthair le haghaidh an scrúdaithe.
   Maidir leis na **Réimsí Cleachtais**, ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a chríochnú
   Réimse A - Tasc **amháin**
   Réimse B - Tasc **amháin**
   Réimse C - Tasc **amháin**
   Réimse D - Tasc **amháin**
   Tasc **amháin** eile as Réimse A *nó* as Réimse E.
   **Má chríochnaíonn iarrthóir cúig thasc gan riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh** mar atá siad leagtha amach thuas, marcálfaidh an scrúdaitheoir na cúig thasc mar a chuirtear i láthair iad agus dícheadóidh sé na marcanna a bhronntar ar an tasc leis an marc is ísle as Réimse A **nó** E.

2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith san áireamh i ngach tasc sa Staidéar Bia.
   **Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc,** marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh na marcanna a bhronntar ar an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta leis an marc is ísle.

3. **Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus / nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus / nó gnéithe measúnaithe an taisc ach <u>mura</u> gcríochnaíonn sé an cur i bhfeidhm,** marcálfaidh an scrúdaitheoir gnéithe críochnaithe an taisc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna do **mheasúnú an chur i bhfeidhm,** áfach, áit a dtugtar faoi.
   Maidir leis na Tascanna 3, 4, 5 agus 6 dícheadófar **measúnú na sainriachtanas** freisin.

4. **Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus / nó gnéithe measúnaithe an taisc, ach <u>mura</u> dtugann sé an fiosrúchán chun críche,** marcálfaidh an scrúdaitheoir gnéithe críochnaithe an taisc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna do **mheasúnú shainriachtanais an taisc**, áfach, áit a dtugtar faoi.

5. **Mura sainaithnítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán,** ach má chomhlíontar riachtanais an taisc, bain na marcanna cuí a bhronntar (-1/-2) faoi bhéilí/miasa/ táirgí san fhiosrúchán.

6. **Níl obair thaispeána an Mhúinteora inghlactha,** mar sin ní bhronnfar aon mharcanna ar an gcur i bhfeidhm ná ar mheasúnú an chur i bhfeidhm.

7. **Mura bhfuil an mhias** a roghnaíodh **ag teacht go hiomlán** leis na riachtanais e.g.
   - ***Mias gan chócaráil*** roghnaithe nuair a iarradh mias a bheadh cócaráilte
   - Mias ***gan neart cailciam*** – Tasc 2
   - Ní léiríonn mias a roghnaíodh ***mórán scileanna próiseála***
   - Áiríodh sa mhias a roghnaíodh ***an iomarca bianna áise***

   Asbhain – 8 marc ón marc iomlán a tugadh as an tasc agus cuir isteach míniú mar atá aibhsithe thuas.

8. I gcás **méise nach dtagann le riachtanais an taisc,** e.g. mias milseoige a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; gan aon ghiosta sa mhias do Thasc 3; gan saill /ola sa mhias do Thasc 5 – níl aon mharc le bronnadh.

9. I gcás go ndícheadaíonn múinteoir feidhmiú praiticiúil, ní cheadaítear aon mharc don **Chur i bhFeidhm** ná do **Mheasúnú an Chur i bhFeidhm.** Féadfar gach réimse eile a mharcáil.